Bord Iascaigh Mhara

Earnáil Bia Mara na hÉireann a Mhúnlú

Tuarascáil Bhliantúil 2019

BIM Ireland's Seafood Development Agency

Clár na nÁbhar

Ráiteas an Chathaoirligh 2

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh 4

Tosaíochtaí Straitéiseacha

Scileanna 11

Inbhuanaitheacht 17

Nuálaíocht 25

Iomaíochas 31

Rialachas Corparáideach 35

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 39

Ráitis Airgeadais

Ráiteas Rialála agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird 42

Ráiteas ar Rialú Inmheánach 46

Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe 49

Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach 50

Ráiteas maidir le Staid Airgeadais 51

Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid 52

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 53

Cúnamh Deontais De Minimis 68

Cúnamh Deontais arna thacú ag an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) agus an Státchiste 69

Breathnaigh ar líne

Tá tuilleadh eolais le fáil ach dul chuig **www.BIM.ie**

Ráiteas an Chathaoirligh

“Ar feadh na bliana 2019, d’oibrigh mo chomh-chomhaltaí Boird go dlúth liom chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur i bhfeidhm fhís chomhroinnte BIM i bhforbairt leanúnach earnáil bia mara na hÉireann”

Lean tionscal bia mara na hÉireann de bheith ag cur go mór le geilleagar an náisiúin i rith 2019 agus meastar gurb ionann agus €1.22 billiún olltáirgeacht intíre (OTI) na hearnála don bhliain sin. I gcomhthéacs na héiginnteachta nach beag a bhaineann le tosca amhail Breatimeacht, díospóidí trádála agus tionchair an athraithe aeráide, bhí feidhmíocht agus athléimneacht na hearnála fós daingean.

Ní mór dúinn béim leanúnach a leagan ar thábhacht na sé mhíle duine dhéag atá fostaithe go díreach agus go hindíreach in earnáil an bhia mara do phobail timpeall chósta na hÉireann. Cuireadh raon tionscnamh i bhfeidhm le linn na bliana chun forbairt leanúnach na hearnála a spreagadh. Áiríodh leo sin tacaíocht a thabhairt d’iontrálaithe nua, infheistíochtaí méadaithe i bhfiontair bhia mara, scéimeanna chun tacú le bearta caomhnaithe agus tionscadail a bhaineann le forbairt táirgí nua agus éifeachtúlacht próisis.

I mí Eanáir 2019, d’fhógair an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed T.D., go seolfaí Clean Oceans Initiative, clár náisiúnta nua nuálach a bhfuil sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar shaincheist thromchúiseach na dramhaíola muirí. Agus é sin á dhéanamh, bhí dúshlán roimh an tionscal agus BIM chun a dtiomantas don inbhuanaitheacht a léiriú. Mar fhreagairt air sin, chláraigh beagnach gach trálaer gníomhach atá ag obair sa dhá phríomhchalafort iascaireachta dhéag in Éirinn don Tionscnamh faoi dheireadh na bliana. Léiríonn an tábhacht a bhaineann leis an Tionscnamh seo agus le forbairtí eile go dtuigtear go nglacann ár n-earnáil bia mara le táirgeadh inbhuanaithe bia agus go nglacann sí léi.

Kieran Calnan
Cathaoirleach

Agus ár ngníomhaíochtaí agus ár gcláir á saothrú againn, go háirithe iad siúd a chuirtear ar fáil tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as tacaíocht an Aire, a chuid oifigeach sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, oifigeach AE agus an réimse leathan gníomhaireachtaí ar fud na seirbhíse sibhialta agus poiblí a chomhoibríonn linn agus a éascaíonn ár gcuid oibre.

Ar feadh na bliana 2019, d'oibrigh mo chomh-chomhaltaí Boird go dlúth liom chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur i bhfeidhm fhís chomhroinnte BIM i bhforbairt leanúnach earnáil bia mara na hÉireann. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil dóibh as an tacaíocht leanúnach a thugann siad dom agus as a ngairmiúlacht.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas leanúnach an Phríomhfheidhmeannaigh, a chomhghleacaithe sinsearacha ceannaireachta agus foireann BIM go léir, as a ndíograis agus iad ag obair lena chinntiú go mbeidh Éire ina príomhtháirgeoir de bhia mara ar ardchaighdeán agus a fhoinsítear ar bhealach inbhuanaithe. Agus muid ag féachaint ar aghaidh don todhchaí, leanfaidh BIM de bheith ag féachaint le caighdeáin sármhaitheasa a bhaint amach in éineacht le gach cuid den tionscal.

Kieran Calnan
Cathaoirleach

Cuid dár bPríomhphointí

16,000
fostaí san earnáil bia mara

€1.22 billiún
curtha leis an ngeilleagar

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

“Le bliain anuas, táimid tar éis an leathphointe maidir le cur lenár ngealltanais, mar a leagtar amach sa straitéis iad, a shárú. Tá muinín againn go rachaidh an obair seo chun tairbhe na hearnála bia mara chun dúshláin a shárú amach anseo”

Lean earnáil bia mara na hÉireann uirthi ag cur go mór leis an ngeilleagar in 2019. Bhí an t-éileamh ar bhia mara na hÉireann ó mhargaí na hEorpa, éileamh a fuarthas go hinbhuanaithe, láidir i gcónaí mar gheall ar an bhfás i luachanna aonaid. Cuireadh luach €640 milliún ar onnmhairí bia mara san iomlán, agus tháinig méadú suntasach ar luach bradán agus ronnach orgánach a shaothraítear in Éirinn.

Chríochnaigh BIM mórstaidéar chun tuiscint bhreise a fháil ar thionchar socheacnamaíoch an tionscail i ndeich gcinn de phríomhchalafoirt iascaireachta na hÉireann in 2019. Cuireann na torthaí tuilleadh fianaise ar fáil chun tacú le tábhacht na hearnála do shláinte eacnamaíoch ár bpobal cósta. Tá BIM ag infheistiú ina chumas anailís den sórt sin a dhéanamh chun léargais a sholáthar agus a scaipeadh san earnáil. Níos luaithe in 2019, d’fhorbair BIM leagan ar líne den chairt Bhainistíochta Iascaigh i bhfoirm aip gréasánbhunaithe, ag cur síos ar reachtaíocht iascaigh Eorpach agus náisiúnta d’iascairí Éireannacha chun eolas riachtanach i bhfíor-am a chur ar fáil don earnáil.

I gcomhréir le spriocanna an Rialtais maidir le Food Wise 2025, chabhraigh raon tacaíochtaí nuálaíochta BIM leis an earnáil an bhia mara intíre a oiriúnú, a chur chun cinn agus a choinneáil bord ar bhord le hiomaitheoirí domhanda. I gcomhréir leis an straitéis BIM chun *Fás Inbhuanaithe a Chumasú 2018-2020*, tá creat don nuálaíocht curtha le chéile ag Mol Nuálaíochta Bia Mara (SIH) BIM. In 2019, cuireadh saineolas ar fáil don earnáil trí thionscadail nuálaíochta inar breathnaíodh ar bhealaí nua chun amhábhar, teicnící láimhseála nua agus forbairt tionscadal fáis gnó do roinnt speiceas a úsáid.

Jim O’Toole
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Leis an mbéim ar chaighdeáin inbhuanaitheachta a thiomáint, baineadh amach aitheantas suntasach ón Marine Stewardship Council (MSC) i gcás diúilicíní a fhástar in Éirinn chomh maith le tagarmharcáil rathúil chlár dearbhaithe Dhobharshaothrú Cáilíochta Deimhnithe (CQA) BIM don Tionscnamh Domhanda um Bia Mara Inbhuanaithe in 2019.

Agus muid ag saothrú ár n-aidhme tallann a mhealladh isteach san earnáil agus bealaí gairme feabhsaithe a chur ar fáil, ba é ár dtosaíocht an bhliain seo caite cúrsaí nua a fhorbairt agus dul i dteagmháil arís go rathúil le Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) chun soláthar oiliúna creidiúnaithe a chinntiú.

Tugann an bhliain seo thar an leathphointe maidir le cur lenár ngealltanais muid, mar a leagtar amach sa straitéis iad. Táimid muiníneach go rachaidh an obair seo chun tairbhe na hearnála bia mara chun dúshláin amach anseo a shárú agus chun a éascú don earnáil an deis a thapú. Tá tiomantas BIM dírithe go hiomlán ar chabhrú le hÉirinn a bheith ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le bia mara sábháilte a tháirgtear go hinbhuanaithe.

Úsáideann BIM an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) chun an clár oibre inmheánach agus na tionscadail a shonraítear sa tuarascáil seo a mhaoiniú. Tá an maoiniú sin sa bhreis ar an maoiniú seachtrach a chuirtear ar fáil don tionscal bia mara. Tá an chabhair seo cómhaoinithe ar bhonn 50:50 ag Rialtas na hÉireann agus an tAontas Eorpach agus tá sonraí maidir léi sna ráitis airgeadais atá i gceangal leis an tuarascáil seo.

Jim O'Toole
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Cuid dár bPríomhphointí

Luach
€640 milliún
onnmhairí Bia Mara Éireannaigh

Láimhdeachas comhcheangailte arb ionann le
€190 milliún
ón gclár 'Horizon'

Buaicphointí 2019

An gairdín faoi uisce 'Aquamarine' de chuid BIM, ag insint scéal an Clean Oceans Initiative, a bhain an bonn ór amach ag Bloom in the Park i Meitheamh 2019. Sa phictiúr: Oliver Shurman, dearthóir gáirdín.

Oscailt Saoráidí Comhraic Dóiteáin agus Tumadóireachta Tráchtála ag Coláiste Náisiúnta Iascaigh BIM, Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Sa phictiúr: An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed T.D.

Móraonach na Scipéirí, Gaillimh, Márta 2019. Sa phictiúr: Vera O'Donovan, BIM.

Luasaire dobharshaothraithe BIM, Áth Cliath, Iúil 2019. Sa phictiúr, clé go deas: Martin Tighe ó Univiv, Stephen O'Sullivan ó Catchatrade, India Boyer ó HATCH, Jim O'Toole, POF, BIM, Elena Piana ó Seafresh Group, Kate Dempsey ó Aqualicense & Irish Mussel Seed Co. agus John Fitzgerald ó Impact 9.

Foghlaimeoirí óga ar bord an tSeomra Chianranga Dhobharshaothraithe (ARC), Droichead an Chláirín, Gaillimh, Meán Fómhair 2019.

Eispéireas na nAigéan Glan BIM ag Seafest, cathair Chorcaí, Meitheamh 2019. Sa phictiúr: Thomas Fitzpatrick, scipéir MFV (soiteach cabhlaigh mótair) Shauna Anna agus a chlann.

Triail BIM an Notus Echo i Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe, Meitheamh 2019. Sa phictiúr, clé go deas: Gerard McDonagh ar bord an MFV Karen Mary in éineacht le Matthew McHugh, BIM.

Curadh na forbartha inbhuanaithe ainmnithe ag BIM. Sa phictiúr, clé go deas: Catherine Barrett, BIM, an tAire Cumarsáide, Athraithe Aeráide agus Gníomhaíochta, Richard Bruton T.D., agus Catherine Morrisson, BIM, Meán Fómhair 2019.

Rannpháirtithe ó Chlár Ceannaireachta Horizon de chuid BIM, IMD Dubai, Samhain 2019. Sa phictiúr, clé go deas: Líne chúil - Colman Keohane, Keohane's Seafood Ltd, John D O'Kane, Foyle Fishermen's Co-op, Ken Ecock, Ocean Path Ltd, Donagh Good, Goodfish Ltd, Liam Roche, Irish Seafood Producers Group, Ian Mannix, BIM. An chéad líne, clé go deas: Steven Conneely, North Light Fishing Company Ltd, John McGuinness, Killybegs Seafood Ltd, Pat O'Leary, BIM, Mag Kirwan, Goatsbridge Trout Farm Ltd, Ciaran Doherty, Áine Fishing Company Ltd.

Oiliúint sábháilteachta ag an gColáiste Náisiúnta Iascaigh, An Caisleán Nua, Co. Dhún na nGall, Feabhra 2019. Sa phictiúr: Larry Kealey, BIM le mic léinn.

Caipiteal Nádúrtha do Sheimineár Earnáil na Mara, Samhain 2019. Sa phictiúr, clé go deas: Carl Obst, IDEEA; Gráinne Devine, BIM; Jane Stout, Cathaoirleach ar Fhóram na hÉireann ar Chaipiteal Nádúrtha agus Ollamh san Éiceolaíocht i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Jim O'Toole, POF, BIM agus Mark Eigenraam, IDEEA.

Seoladh na Straitéise don Earnáil Iascaigh Chladaigh, Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath, Márta 2019. Sa phictiúr, clé go deas: Trudy McIntyre, Cathaoirleach an Fhóraim Náisiúnta Iascaigh Chladaigh, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed T.D., Jim O'Toole, POF, BIM.

Coláiste Náisiúnta Iascaigh BIM,
Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí.

Scileanna

'In 2019, lean BIM de ghairmeacha agus d'uasoiliúint a chur chun cinn i ngach earnáil de thionscal bia mara na hÉireann, agus chuir sé os cionn míle ionad oiliúna ar fáil don earnáil.'

Straitéis um Chonaire Gairme

Leagadh béim ar leith béim ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin laistigh den tionscal lena n-áirítear iontrálaithe nua a mhealladh agus uas-sciliú a dhéanamh ar lucht saothair reatha an tionscail i *Ráiteas Straitéise BIM 2018 – 2020*. Aithníodh an gá atá le roghanna foghlama nua a chur ar fáil lena n-áirítear cláir chreidiúnaithe le haitheantas domhanda, foghlaim ar líne agus oiliúint shaincheaptha ar an láthair mar bhealach chun níos mó daoine a mhealladh chuig an earnáil bia mara.

Cláir Nua

Le linn 2019, d'fhorbair BIM roinnt clár nua a seoladh chuig an tionscal, lena n-áirítear an Clár Fondúireachta Máirnéalach Boird agus cáilíocht Cheannaí Éisc Deimhnithe.

Clár Fondúireachta Máirnéalach Boird

D'aithin BIM an t-éileamh ar chúrsa saincheaptha chun criú máirnéalach boird oilte a chur ar fáil, rud atá ar an ngannchuid, agus ar dheiseanna do na hoiliúnaithe a ngairme laistigh den tionscal a chur chun cinn. Dá réir sin, d'fhorbair agus sheol BIM an Clár Fondúireachta Máirnéalach Boird i mí na Samhna 2019.Cuireann sé sin oiliúint ar fáil i raon leathan réimsí lena n-áirítear scileanna sábháilteachta riachtanacha, oibriú Raidió VHF Muirí, conas obair le ropaí agus eangacha, coinníollacha a bhfuil tionchar acu ar chobhsaíocht soithigh, láimhseáil éisc agus sábháilteacht bia.

Reáchtálfar an clár seo i gColáiste Náisiúnta Iascaigh BIM, An Caisleán Nua, Co. Dhún na nGall, agus mairfidh sé ar feadh sé seachtaine ó mhí Feabhra 2020.

'Is í an oiliúint seo an chéad chéim do dhuine atá tiomnaithe do ghairmréim i dtionscal na hiascaireachta. Is tionscal é seo atá bunaithe ar scileanna, athléimneacht agus obair chrua. Obair thar a bheith dúshlánach sásúil is ea í. Foghlaimíonn tú go han-tapa conas gníomhú go gasta, conas a bheith ag obair mar fhoireann agus conas freagairt go sábháilte do chásanna éagsúla a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ort féin, ar an bhfoireann agus ar an soitheach. Tá an oiliúint seo ag tarlú ag am criticiúil i stair an tionscail. Braitheann inbhuanaitheacht agus todhchaí thionscal an bhia mhara ar lucht saothair oilte. Is iad máirnéalaigh boird an lae inniu scipéirí an lae amárach.'–
Brian Vaughan, Príomhoide, BIM Coláiste Náisiúnta Iascaigh na hÉireann (NFCI), An Caisleán Nua, Co. Dhún na nGall.

Teastas i Scileanna Ceannaí Éisc

D'fhorbair agus sheol BIM an chéad chlár oiliúna creidiúnaithe do cheannaithe éisc in Éirinn i mí Dheireadh Fómhair 2019. Cuirfear tús leis an gcúrsa nua seo i mí Eanáir 2020 agus beidh cáilíocht ghairmiúil Cháilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) mar thoradh air ag Leibhéal 5, Dámhachtain Shainchuspóireach i Scileanna an Cheannaí Éisc, ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ). Tá sé dírithe ar fhostaithe in earnáil miondíola an bhia mara agus ar iontrálaithe nua a bhfuil suim acu dul i mbun gairmréime mar cheannaí éisc gairmiúil. Cuirfidh an clár an t-eolas agus na scileanna atá riachtanach don bhfoghlaimeoir ar fáil chun iad a chur ar a gcumas obair san earnáil miondíola bia mara. Áirítear leis sin modúil maidir le sábháilteacht bia, cáilíocht bhia mara agus scileanna praiticiúla filléadaithe éisc.

Scileanna (ar lean)

Coláiste Náisiúnta Iascaigh na hÉireann

Cuireann Coláistí Náisiúnta Iascaigh BIM na hÉireann (NFCI), atá lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí, réimse cúrsaí oiliúna ar fáil d'fhoghlaimeoirí laistigh d'earnáil bia mara na hÉireann. Tá na Coláistí lonnaithe go straitéiseach chun tacaíocht a chur ar fáil do thionscal na hiascaireachta agus faigheann siad tacaíocht bhreise ó na hAonaid Oiliúna Chósta a fhreastalaíonn ar réigiúin chósta.

Is féidir liosta iomlán d'Oiliúint Thionscal an Bhia Mara trí Choláistí Náisiúnta Iascaigh na hÉireann in BIM in 2019 a fheiceáil i dTábla 1 thíos.

Foghlaim Ar Líne

Is mó an gá atá le foghlaim ar líne de bharr raon geografach thionscal an bhia mara. Lean BIM de bheith ag tógáil ar fhorbairt na foghlama ar líne trína NFCInna agus d'éirigh leis roinnt cúrsaí a stiúradh ag baint úsáide as an ardán *Canvas*.
Is éard a chuireann an córas seo ar fáil ná meascán de theagasc traidisiúnta duine le duine agus ábhar ar líne.

Aonaid Oiliúna Chósta

Oibríonn BIM dhá aonad oiliúna shoghluaiste a bhfuil sé mar chuspóir acu oiliúint a thabhairt d'iascairí, é a dhéanamh níos inrochtana dóibh agus an tionchar ar a sceideal iascaireachta a laghdú. Tá na haonaid seo feistithe le seomraí ranga ina gcuirtear cláir ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus ina mbíonn ról tábhachtach acu i seachadadh traenála uas-scilithe timpeall an chósta. D'fhonn seachadadh gairmiúil cúrsaí BIM a choinneáil ar bun, rinneadh athchóiriú forleathan ar aonad an chósta thoir agus d'fhill siad ar sheirbhís i mí an Mhárta le brandáil nua agus le hathfheistiú iomlán ar an taobh istigh.

Oiliúint Tumadóireachta Tráchtála

Ceanglaítear ar thumadóirí roinnt ról tábhachtach a ghlacadh a oibríonn ar láithreáin dobharshaothraithe agus ar chigireachtaí ar shoithí. Is é an NFCI i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí an t-aon láthair amháin in Éirinn ina bhfuil cáilíochtaí scúba tráchtála agus tumadóireachta ón dromchla á dtairisicint. Aithnítear na cáilíochtaí sin go hidirnáisiúnta anois. Cuireann siad deis soghluaisteachta gairmiúla ar fáil d'oibrithe a bhfuil na cáilíochtaí sin acu, rud a thugann deis dóibh dul chun cinn a dhéanamh laistigh den earnáil.

Rinneadh athchóiriú ar shoitheach BIM *MFV T Burke*, a díchoimisiúnaíodh ó dhualgais suirbhé le déanaí, lena úsáid mar árthach tacaíochta tumtha. Ina theannta sin, tá báirse tráchtála faighte ag BIM a úsáidfear mar ardán tacaíochta riachtanach don dá chlár tumadóireachta.

Thug an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed T.D. cuairt ar an gColáiste i mí na Bealtaine 2019 chun seomra nua imbhrúcháin agus áiseanna comhraicthe dóiteáin BIM a oscailt go hoifigiúil.

Tacaíochtaí Sábháilteachta

Tá BIM ag comhoibriú le Grúpa Cumarsáide Sábháilteachta ag Ceanncheathrú Gharda Cósta na hÉireann lena n-áirítear ionadaithe ó Shábháilteacht Uisce Éireann, ó Chumann Seoltóireachta Éireann agus ón RNLI. Tá an grúpa seo ag obair ar athfhorbairt ar shuíomh gréasáin na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (www.safetyonthewater.ie), le comhtheachtaireachtaí sábháilteachta do mharaithe agus eolas tábhachtach d'úsáideoirí uisce faoi fhorbairtí nua a chur san áireamh.

Leanann úinéirí soithí ar aghaidh ag uasghrádú a bhFeistí Slúthála Pearsanta (PFD) le Rabhcháin Aimsitheora Phearsanta comhtháite (PLB). Tugtar tacaíocht do chostas na gcasóg PFD/PLB trí scéim cúnaimh deontais Sábháilteachta Cabhlaigh BIM.

Iascairí Imirceacha

Tá sé riachtanach go gcuirfear oiliúint ar iascairí imirceacha chun cloí le rialacháin na hÉireann maidir le sábháilteacht ar muir. Chríochnaigh caoga iascaire imirceach oiliúint sábháilteachta bhunúsach d'fhonn beart a ghlacadh mar bhaill chriú ar shoithí iascaireachta atá cláraithe in Éirinn. Is ionann an figiúr sin agus 4.5% de mhéid iomlán na bhfoghlaimeoirí atá ar oiliúint sábháilteachta bhunúsach leis an aidhm Cárta Sábháilteachta BIM a bhaint amach. Tá na hiarratasóirí seo ar fad cláraithe faoin Scéim Oibre Neamhthipiciúil (AWS) arna cur ar bun ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus tá conarthaí i bhfeidhm acu mar a leagtar amach sa reachtaíocht náisiúnta.

Sábháilteacht Bia, Cáilíocht Bhia Mara agus Scileanna Teicniúla

Tionóladh trí cheardlann réigiúnacha um bia mara AGPRC le 34 rannpháirtí san iomlán agus d'fhreastail 48 fostaí eile ar cheardlanna oiliúna sábháilteachta bia bunúsacha a cuireadh ar fáil ar an láthair i ngnólachtaí bia mara. Reáchtáladh cúrsaí oiliúna gearra eile ar raon topaicí, lena n-áirítear measúnú ar cháilíocht bhia mara agus teicnící filléadaithe éisc.

Oiliúint Seirbhíse Bia

Thug BIM cúig mháistiraicme in ullmhú éisc agus teicnící filléadaithe do mhic léinn scileanna cócaireachta i gcomhar le hInstitiúidí Réigiúnacha Teicneolaíochta. Le linn na ranganna seo, roinn Sárcheannaí Éisc léargas le daltaí chun cur lena gcuid eolais, léirthuisceana agus tuisceana ar bhia mara na hÉireann.

Ceannaireacht agus Forbairt Bainistíochta

Cuireadh tús i mí Mheán Fómhair 2019 leis an dara bliain de 'Horizon', clár forbartha ceannaireachta sinsearach de chuid BIM, a ceapadh chun ardoiliúint gnó agus ceannaireachta a chur ar fáil don earnáil bia mara. Bhí naonúr rannpháirtithe ag an gclár ó na hearnálacha gabhála, próiseála agus dobharshaothraithe, arb ionann é agus láimhdeachas de €190 milliún agus lucht saothair arb ionann le breis is 520 fostaí.

D'fhreastail na rannpháirtithe ar an *gClár Forbartha Ceannaireachta Sárfheidhmíochta* ag IMD, príomhscoil idirnáisiúnta ghnó, chun a gcuid scileanna, léargais ar an ngnó agus a n-uaillmhianta gnó a fhorbairt. Rinne na rannpháirtithe cóitseáil agus meantóireacht freisin chun a stíleanna ceannaireachta gairmiúla a fhorbairt.

Is éard is 'Propel' ann ná clár forbartha bainistíochta BIM a chuireann ardán ar fáil chun cumas bainistíochta tionscail a fhorbairt agus chun tacú leis. Tá an clár dírithe go sonrach ar cheannairí sinsearacha agus ar fhoirne bainistíochta. D'oibrigh BIM i gcomhpháirtíocht le Grant Thornton chun raon tacaíochtaí agus comhairle gnó a chur ar fáil do rannpháirtithe. Bhí sé chuideachta bia mara rannpháirteach sa chlár in 2019 agus tiocfaidh deireadh leis in Aibreán 2020.

Dearbhú Cáilíochta

Ní mór do gach soláthraí oiliúna a sholáthraíonn cláir as a n-eascraíonn dámhachtainí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) dul faoi phróiseas athfhruilithe aonuaire le QQI. Cinntíonn sé sin go bhfuil soláthraithe ag teacht le treoirlínte nuashonraithe QQI maidir le Dearbhú Cáilíochta Reachtúil agus go bhfuil siad in ann oiliúint ardchaighdeáin chreidiúnaithe a sholáthar.

Mar ullmhúchán don phróiseas athfreafa seo, rinne BIM athbhreithniú cuimsitheach ar a acmhainní oiliúna, a struchtúir rialachais, a bheartais dearbhaithe cáilíochta agus a nósanna imeachta chun a chinntiú go raibh siad i gcomhréir le treoirlínte QQI.

Forbraíodh Córas nua Dearbhaithe Cáilíochta BIM chun seirbhísí oiliúna a sholáthar agus cuireadh faoi bhráid QQI é lena cheadú. Ina dhiaidh sin, thug painéal neamhspleách saineolaithe, arna gceapadh ag QQI, cuairt ar an láthair ar BIM i mí Mheán Fómhair agus rinne sé moltaí maidir le tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar an gCóras Dearbhaithe Cáilíochta.

Tá BIM ag tabhairt faoi roinnt feabhsuithe agus moltaí ina leith sin, lena n-áirítear Coiste Oiliúna agus Forbartha a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcinnteoireacht acadúil. I measc na moltaí eile bhí forbairt córas leictreonach láraithe taifead mac léinn agus ceapachán Oifigigh Dearbhaithe Cáilíochta tiomnaithe. Leanfaidh BIM dá chláir bhailíochtaithe a thairiscint fad atá an próiseas athfhruilithe ar siúl, agus meastar go gcríochnófar é i lár na bliana 2020.

Scéim Oiliúna do Bhia Mara

Is é cuspóir na Scéime Oiliúna do Bhia Mara BIM forbairt oiliúna gairmiúla, scileanna gairmiúla nua agus foghlaim ar feadh an tsaoil in earnálacha na hÉireann a chur chun cinn agus a mhaoiniú. Chomh maith le cúrsaí oiliúna a chuireann BIM ar fáil, cuirtear maoiniú ar fáil freisin d'oiliúint a dhéanann soláthraithe aitheanta oiliúna. Le linn 2019, tugadh €0.1 milliún ar an iomlán do 65 iarratas ar dheontas.

Oiliúint sábháilteachta um chomhrac dóiteáin, BIM An Coláiste Náisiúnta Iascaigh, An Caisleán Nua, Co. Dhún na nGall, Feabhra 2019.

Tábla 1: Oiliúint i dTionscal Bia Mara trí Aonad Seirbhísí Forbartha Scileanna BIM in 2019

Achoimre ar Oiliúint i dTionscal Bia Mara BIM a seachadadh in 2019	Líon na bhFoghlaimeoirí
Teastais na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS)	**Gach ionad**
Oifigeach Léibhinn DTTAS (Soitheach Iascaireachta) Lán-Scipéir	**8**
Oifigeach Léibhinn DTTAS (Soitheach Iascaireachta) Lán-Scipéir Dara Láimhe	**24**
Oifigeach Innealtóireachta DTTAS (Soitheach Iascaireachta) Aicme 3	**5**
Oifigeach Innealtóireachta DTTAS (Soitheach Iascaireachta) Aicme 2	**5**
Oifigeach Innealtóireachta DTTAS (Soitheach Iascaireachta) Aicme 1	**1**
DTTAS Oilteacht Bád Paisinéirí & Formhuinithe Tráchtála	**22**
Atheisiúintí agus athbhailíochtú Bád Paisinéirí DTTAS	**21**
Cúrsa Rialaithe Loingseoireachta (NCC) (Iascaireacht)	**12**
Córais Leictreonacha Loingseoireachta (ENS) (Iascaireacht)	**23**
Fo-iomlán	**121**
Sábháilteacht ar Muir	
Oiliúint Sábháilteachta Feabhsaithe (EST) le haghaidh PFD a fhaigheann cabhair deontais le PLB	**39**
Éigeantach 3 lá Bunoiliúint Sábháilteachta lena n-áirítear EFA, PST agus FP & SA lena n-áirítear ath-eisiúintí Cártaí Oiliúna Sábháilteachta BIM	**423**
Cosc Dóiteáin Éigeantach agus Feasacht Sábháilteachta AMHÁIN	**38**
Feasacht Sábháilteachta Éigeantach AMHÁIN	**11**
Long Chéadchabhrach Eiliminteach IMO STCW ar an mBord (EFA AMHÁIN)	**51**
Teicnící Marthanais Pearsanta STCW IMO (PST AMHÁIN)	**91**
Comhrac Dóiteáin Muirí STCW IMO	**49**
Ardchomhrac Dóiteáin IMO STCW	**31**
Garchabhair Leighis de chuid IMO STCW	**32**
Fo-iomlán	**765**
Cumarsáid Raidió	
Modúl Gearr-Raon GMDSS 1 & 2, Teastas Oibreoirí Srianta GMDSS (ROC)	**41**
Teastas Fadraoin GMDSS (LRC)	**2**
Teastas Ginearálta Oibreoirí GMDSS (GOC)	**30**
Fo-iomlán	**73**
Dámhachtainí Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) d'Oiliúint Scileanna Creidiúnaithe	
NFQ Teastas Leibhéal 5 sa Teicneolaíocht Innealtóireachta (Mórdhámhachtain)	**5**
NFQ Leibhéal 5 Próisis Innealtóireachta Muirí (MEP)	**25**
NFQ Leibhéal Sainchuspóireach Leibhéal 6 Oibríochtaí Tumadóireachta Tráchtála SCUBA	**11**
NFQ Cuspóir Leibhéal 6 Oibríochtaí Tumadóireachta Dromchla Tráchtála (SSDE)	**9**
Fo-iomlán	**50**
Próiseáil Bia Mara, Uas-sciliú Miondíola agus Ceannaireachta	
Clár Forbartha Bainistíochta an chláir Horizon	**9**
Clár Forbartha na Ceannaireachta Príobháidí	**6**
Ceardlanna HACCP maidir le bia mara	**34**
Réamhrá do Cheardlanna Láimhseála Éisc agus Filléadaithe Éisc	**18**
Fo-iomlán	**67**
Soláthar Iomlán Oiliúna	**1,076**

Diúilicíní a fhástar in Éirinn a bhain lipéad gorm amach ón Marine Stewardship Council, feirm Blackshell, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo, Lúnasa 2019.

Trialacha trealaimh do líne iascaireachta chéimnithe le BIM, An Dún Mór Thoir, Port Láirge, Márta 2019.

Inbhuanaitheacht

'Tá ról ceannasach ag BIM maidir le tacú le hearnáil an bhia mara chun fás eacnamaíoch a bhaint amach agus, san am céanna, a chinntiú go gcaomhnaítear agus go gcosnófar acmhainní nádúrtha don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht.'

Tá coincheap na hinbhuanaitheachta mar aon leis na trí cholún de leasanna eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta mar chuid de chláir straitéiseacha agus oibriúcháin BIM. Le linn 2019, chuir BIM torthaí inbhraite ar fáil do phobail áitiúla agus thacaigh sé le bearta chun cumhachtú áitiúil a bhaint amach trí rannpháirtíocht agus comhoibriú páirtithe leasmhara. Ó thaobh an gheilleagair de, tá tacaíocht tugtha ag BIM d'fhorbairt inbhuanaithe na n-oibríochtaí dobharshaothraithe, iascaireachta agus próiseála agus, san am céanna, ag tacú le foinsí breise ioncaim a fhorbairt. Baineadh é seo amach agus, ag an am céanna, leagadh béim lárnach ar chothabháil na bithéagsúlachta agus na seirbhísí éiceachórais ar a bhfuil an earnáil ag brath.

Tá BIM tiomanta freisin do chlár leathan oibre comhoibritheach arna mhaoiniú faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), ár gcomhghníomhaireachtaí Bord Bia agus Foras na Mara, chun na gealltanais náisiúnta atá leagtha amach faoin gclár Food Wise 2025 agus pleananna an chláir Harnessing Our Ocean Wealth a bhaint amach le chéile.

Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

Leanann BIM de bheith ag tacú le hinbhuanaitheacht chomhshaoil in earnáil bia mara na hÉireann trí dhul i muinín an tsaineolais theicniúil chun tionscnaimh nuálacha a fhorbairt.

Clean Oceans Initiative

I mí Eanáir 2019, sheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, T.D., Clean Oceans Initiative, clár nuálach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an bhruscair mhuirí, agus béim ar leith á leagan ar phlaisteach. Cuireadh de chúram ar BIM dul i dteagmháil leis an tionscal iascaireachta chun páirt a ghlacadh ann. Socraíodh sprioc chun trálaeir iascaireachta uile na hÉireann a chlárú leis an Tionscnamh. Rannpháirtíocht a bhí i gceist leis an mbruscar muirí a gabhadh i líonta a bhailiú agus an t-ábhar seo agus sruthanna eile dramhaíola a dhiúscairt ar bhealach atá formheasta agus inbhuanaithe. D'éirigh leis an tionscadal 96% den earnáil iomlán a shíniú sna 12 chalafort rannpháirteach.

'Ní mór dom tréaslú leo siúd go léir atá rannpháirteach faoi láthair sa Clean Oceans Initiative atá á reáchtáil ag BIM agus le go leor acu siúd i dtionscal na hiascaireachta as ucht an tiomantas atá acu le fada an lá dramhaíl phlaisteach a thabhairt i dtír ón bhfarraige.'

Michael Creed, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Ina theannta sin, d'oibrigh BIM leis an bpobal muirí níos leithne ar fud an chósta chun réitigh nuálacha a fhorbairt chun bruscar muirí a chosc agus a bhaint. Chuir BIM Clean Oceans Initiative i láthair mar chuid dá fheachtas ag an bhFéile Mhuirí Náisiúnta, Seafest 2019 i gCorcaigh.

'Tá níos mó ná 330 tona de bhruscar muirí bailithe ag iascairí atá páirteach sa scéim BIM Ag Iascaireacht do Bhruscar. Bhailigh feirmeoirí oisrí, diúilicíní agus bradán beagnach 180 tona eile de dhramhaíl phlaisteach den chuid is mó i nglantaí i ar an gcladach agus ar an gcé. Anuas air sin, rinneadh 600 tona d'eangacha iascaireachta úsáidte nó a ndearnadh damáiste dóibh a athchúrsáil faoi chlár athchúrsála lín de chuid BIM. Go minic bíonn ár bpobail iascaireachta agus baill eile na hearnála bia mara ina gcónaí agus ag obair i gcuid de na pobail is iargúlta in Éirinn. Cuireadh béim ar inbhuanaitheacht agus ar an Clean Oceans Initiative mar thoradh ar an ngá atá ann ár muirthimpeallacht a chosaint agus a chothú agus, ina theannta sin, chun geilleagair áitiúla na bpobal sin a chosaint do na glúnta atá le teacht.'

Jim O'Toole, POF BIM

Stoic Inbhuanaithe Ghliomach

Is é aidhm na Scéime Eangúchán 'V' feabhas a chur ar inbhuanaitheacht stoic ghliomaigh na hÉireann trí ghliomaigh bhaineanna a chosaint ionas gur féidir leo síolrú roinnt uaireanta sula mbainfear iad.

Déanann iascairí tráchtála eang 'v' a ghearradh in eireabaill na ngliomach baineann a bheireann uibheacha a fhaightear agus iad i mbun iascaireachta. Cosnaíonn an mharcáil seo na gliomaigh bhaineanna agus cuireann sé ar a gcumas iad sceitheadh gach dara bliain ar feadh sé bliana tar éis an eangúcháin. Tá sé in aghaidh an dlí gliomach baineann ar bith a bhfuil eang 'v' gearrtha iontu a bheith in do sheilbh agat.

In 2019, tugadh tacaíocht ar luach €0.2 milliún é do 61 thionscadal a bhaineann leis an eangúchán 'v' i ngliomaigh. Marcáladh agus scaoileadh 23,500 gliomach san iomlán, dar meáchan 21,000kg, chun an stoc pórúcháin a fheabhsú. Acmhainn sceite 176 milliún gliomach is ea scaoileadh na bliana 2019, rud a chaillfí ar an stoc thart ar chósta na hÉireann murach sin.

Speicis Ionracha a Bhrath agus a Mhaolú

Is féidir le speicis choimhthíocha ionracha (IAS) tionchar tubaisteach a imirt ar bhithra dúchasach, rud is cúis le meath nó múchadh speiceas dúchasach, agus tionchar diúltach acu ar éiceachórais. Tá dlúthbhaint ag tabhairt isteach speiceas coimhthíoch le domhandú méadaitheach na trádála agus an taistil. Cuireann an t-athrú aeráide leis an mbagairt sin, rud a éascaíonn leathadh agus bunú na speiceas sin.

Leanann BIM de chomhordú a dhéanamh ar mheitheal oibre na SCInna Dobharshaothraithe Náisiúnta, ag tarraingt comhaltaí ó na Ranna agus ó na gníomhaireachtaí Stáit uile a bhfuil freagracht orthu sa réimse seo. In 2019, rinne BIM measúnú ar an bhfaisnéis atá ann faoi láthair maidir le bánna dobharshaothraithe in Éirinn a bhaineann le speicis ionracha, chuir sé plean suirbhé agus liosta de na speicis is ábhar imní don dobharshaothrú le chéile.

D'fhorbair BIM sainaithint speiceas ionrach agus aip tuairiscithe le haghaidh gléasanna móibíleacha, ar a dtugtar 'FAIRE', le haghaidh táirgeoirí dobharshaothraithe. Tá faisnéis san aip maidir leis na speicis bhagartha a d'fhéadfadh a bheith ann agus áis chun gníomhaíochtaí leantacha eile a thuairisciú.

Oibleagáid Gabhálacha a Thabhairt i dTír

In 2019, cuireadh an Comhbheartas Iascaigh (CBI) i bhfeidhm maidir le gach speiceas a bhainistítear faoi chuótaí. Ceanglaítear leis an Oibleagáid Gabhálacha a Thabhairt i dTír go ndéanfar gach gabháil de speicis tráchtála rialáilte a thabhairt i dtír agus a chomhaireamh. Bhí sé i gceist leis an ngníomhaíocht sin stop a chur leis an gcleachtas éisc nach bhfuil ag teastáil a chaitheamh amach ar bord.

Oibríonn BIM go dlúth le tionscal iascaireachta na hÉireann chun réitigh theicniúla a fhorbairt a laghdaíonn leibhéal na ngabhálacha seo de thaisme. Cuireann sé sin borradh faoin inbhuanaitheacht trí ghabhálacha speiceas beag (sóiseareach), ró-chuóta agus speiceas nach spriocspeicis iad a laghdú. Tríd an méid sin a dhéanamh, sábháiltear na hógánaigh chun fás go haibíocht, póráil agus an stoc iomlán a mhéadú.

Cuirtear an Oibleagáid Gabhálacha a Thabhairt i dTír chun feidhme go príomha trí phleananna rialaithe maidir le hábhar muirí aischurtha agus trí bhearta bainistíochta atá sainiúil don speiceas. Rinneadh réitigh BIM, a forbraíodh in 2019, a ionchorprú sna bearta bainistíochta sin, agus tá feabhas curtha acu ar thionchar an iascaigh ar an gcomhshaol agus spreag siad iascairí chun páirt a ghlacadh agus iompar a athrú.

I measc na mbeart nua sin tá tabhairt isteach agus triail nuálaíochtaí amhail an 'Líne Iascaireachta Éicearaithe', ball trealaimh a laghdaíonn go mór gabhálacha trosc nach bhfuil de dhíth nach bhfuil ach fíorbheagán cuóta nó cuóta ar bith ann ina leith. Cuireadh an ball trealaimh sin san áireamh i mbearta nua bainistithe feabhais agus seachnaíodh dúnadh iascaigh sa Mhuir Cheilteach de dheasca gur glacadh leis.

I measc na hoibre breise a rinneadh in 2019 bhí staidéar ar úsáid a bhaint as méid na mogall méadaithe chun gabhálacha cadóg óg a laghdú. Cuireadh an trealamh san áireamh mar rogha faoin bplean aischuir do shoithí atá ag díriú ar speicis éisc sa Mhuir Cheilteach.

Sa bhreis ar phlean colfairtí na hÉireann a eascraíonn as obair BIM 2019, tá 'Ceann an Tráil Déach', a scarann iasc eite ó na sliogiasc *Nephrops norvegicus* (séacla Chuan Bhaile Átha Cliath) ina dhá shocfhoirceann ar leith atá ceangailte leis an aon líon amháin, rud a fhágann go dtagann laghdú mór ar líon na n-iasc óg a ghabhtar.

Más féidir a léiriú go léiríonn speicis nach bhfuil ag teastáil rátaí arda marthanais tar éis iad a ghabháil agus a chur ar ais ar muir, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le díolúintí faoi na rialacháin maidir le hOibleagáid Talún, mar a léirigh dhá scrúdú a rinne BIM in 2019.

Léiríodh i staidéar amháin ar an mbonn sin go raibh ráta marthanais caoga faoin gcéad ann a chothaigh díolúine dhomharthanachta in uiscí na hÉireann. Chuir measúnú ar riocht iar-ghabhála gathanna cuaiche freisin i dtreo leathnú ar dhíolúine chumas teacht slán le tuilleadh taighde ar an speiceas seo a cheadú.

Ar deireadh, rinne BIM braiteoir nua gabhála in iascach *Nephrops norvegicus* na hÉireann a thástáil i gceart. Dreasaíonn an braiteoir gabhálacha de thaisme a sheachaint agus feabhsaíonn sé éifeachtúlacht oibríochtúil lena bhféadfaí feidhm a bhaint as an athrú aeráide a mhaolú.

Tionscadail Feabhsaithe Iascaigh

Lean BIM ar aghaidh ag obair leis an earnáil bia mara chun Tionscadail Feabhsaithe Iascaigh (FIPanna) a fhorbairt d'iasc mór donn, Nephrops, iasc bán agus iascaigh tuinnín colgach. Bunaíodh na FIPanna i 2017 agus is modh iad a aithnítear ar fud an domhain chun gníomhaíochtaí intomhaiste a aithint agus a chur in iúl chun feabhas a chur ar bhainistiú agus ar inbhuanaitheacht na n-iascach.

Le linn 2019, lean FIPanna na hÉireann orthu ag feidhmiú mar ardáin chun dintiúir inbhuanaithe iascaigh na hÉireann a léiriú agus bunaithe ar aiseolas ó phróiseálaithe lena mbaineann, chabhraigh siad le rochtain a choinneáil ar phríomhmhargaí do bhia mara na hÉireann. Ina theannta sin, tugadh athbhreithniú ar theicneolaíochtaí digiteacha agus teicneolaíochtaí néalbhunaithe i gcrích in 2019. Leis na teicneolaíochtaí sin, cuirtear bealach ar fáil chun inrianaitheacht agus bunáitíocht bhia mara na hÉireann a ghabh agus a phróiseáil baill FIP a mhéadú. D'fhéadfaí an fhaisnéis seo a úsáid chun feabhas a chur ar dhintiúir inbhuanaitheachta an táirge FIP a ghabhtar. Cuirfear treoirthionscadal i gcrích le linn na bliana 2020 chun na réitigh dhigiteacha is iomchuí, lena n-áirítear teicneolaíocht bhlocshlabhra, a thástáil.

Dobharshaothrú Fionnuisce i dTalamh Imeallaithe

Tá BIM ag obair i gcomhpháirt le Bord na Móna chun úsáid talún imeallaithe agus lagphortach le haghaidh táirgeadh dobharshaothraithe a imscrúdú. Tá an tionscadal seo ceaptha chun córais táirgthe inbhuanaithe a chruthú, bithéagsúlacht a mhéadú trí ghnáthóga éagsúla oscailte a chruthú agus tacú le pobal tuaithe nach bhfuil deiseanna fostaíochta stairiúla ar fáil iontu a thuilleadh. D'éirigh go maith le córais dobharshaothraithe fionnuisce iltrófacha, ina n-úsáidtear feamainn lachain agus algaí chun cothaithigh a bhaint, an pheirse agus an breac a tháirgeadh. Baineadh deich dtonna breac agus trí thonna péirse ó láthair na trialach in 2019.

Feabhsú Stoic Oisrí ó Dhúchas

Tá an t-oisre Eorpach de bhunadh na hEorpa ídithe ar fud an raoin Eorpaigh a bhí aige roimhe seo. Tá roinnt daonraí fós ar marthain in Éirinn agus déantar iascaireacht tráchtála ar chuid acu. Mar sin féin, laghdaítear go mór an táirgeadh i gcomparáid leis na leibhéil stairiúla. Tá an speiceas liostaithe ag OSPAR (an Coinbhinsiún um Chosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh) mar atá faoi bhagairt nó ag meath agus tá roinnt brúnna ann ó fhorbairt an chósta, ó ghalair agus ó speicis choimhthíocha i gcónaí in go leor limistéar. Chun tacú le hathchóiriú an speicis seo thug BIM faoi imscrúdú ar úsáid foshraitheanna lonnaíochta éagsúla do larbhaí oisrí dúchasacha. Thug sé seo níos mó ná 12 milliún oisre dúchasacha óga. Cuireadh na larbhaí osraí seo i gcórais chultúir naíolainne éagsúla le haghaidh a bhfáis sula ndéantar iad a chur ar aghaidh chuig leapacha oisrí ceadúnaithe.

Scagadh géiniteach do Speicis Débhlaoscaigh agus Chrústacha i bPlanctón

Meastar go mbeidh tionchar ollmhór ag an athrú aeráide ar stádas agus ar dháileadh sliogéisc agus speiceas crústach in uiscí teorann na hÉireann. Mar gheall ar an tsaincheist atá ag teacht chun cinn, rinne BIM seirbhísí Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT) a chonrú in 2019 chun samplaí planctóin scáileáin a tógadh ó láithreacha ar leith ar an gcósta le fáil amach cibé an raibh nó nach raibh larbhaí débhlaoscaigh agus crústaigh a ndearnadh saothrú tráchtála orthu i láthair iontu. Feabhsófar leis sin an tuiscint ar phatrúin sceite na bpríomhspeiceas sin agus ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide. Comhlánaíonn an obair an obair a dhéantar maidir le leapacha diúilicíní síl agus cuideoidh sí le heolas a dhéanamh do dhea-chleachtas in ndobharshaothrú sliogéisc.

Inbhuanaitheacht Eacnamaíoch

Aithníonn BIM na deiseanna chun an dobharshaothrú, an iascaireacht agus oibríochtaí próiseála a fhorbairt agus, ag an am céanna, an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ar acmhainní nádúrtha eile a laghdú agus tacaíonn sé a thuilleadh le foinsí breise ioncaim a fhorbairt.

Clár Bainistíochta um Shábháilteacht Bia

Tá sábháilteacht tomhaltóirí agus sláinte agus leas ainmhithe uisceacha ríthábhachtach d'fhorbairt inbhuanaithe na hearnála. Oibríonn an Fhoireann Bhainistíochta um Shábháilteacht Bia BIM le gnólachtaí bia mara chun comhlíonadh reachtaíocht AE agus na hÉireann a chinntiú agus chun tacú le cur i bhfeidhm an dea-chleachtais ar fud na hearnála. Tá naisc láidre bunaithe ag an bhfoireann le rialálaithe náisiúnta agus Eorpacha, le comhlachtaí comhairleacha, agus le soláthraithe deimhniúcháin. Déanann an fhoireann an caidreamh sin a ghiaráil lena dheimhniú go gcomhlíonann bia mara a thomhlaítear, a dháiltear, a mhargaítear nó a tháirgtear sa Stát na caighdeáin is airde ó thaobh sábháilteachta bia agus deimhnithe de, agus go bhfuil dea-cháil ar an margadh. Cuireann an clár seo oiliúint leanúnach ar fáil chomh maith le haon chúnamh riachtanach eile d'oibreoirí gnó bia.

In 2019, chuir an Fhoireann um Bainistiú Sábháilteachta Bia seirbhísí oiliúna agus deimhniúcháin ar fáil do gach cuid den earnáil. Fuair níos mó ná caoga gnólacht bia seirbhísí tacaíochta deimhniúcháin a chuimsigh na scéimeanna éagsúla inbhuanaitheachta, orgánacha, cáilíochta, leasa agus comhcheangailte a éilíonn miondíoltóirí bia mara.

An Clár um Ghnó Bia Mara Glas

Cuireann Clár Gnó Bia Mara Glas BIM tacaíocht bainistíochta ar fáil do chomhlachtaí próiseála bia mara na hÉireann. Laghdaíonn sé sin a gcostais oibriúcháin agus, dá bharr sin, feabhsaíonn sé a n-iomaíochas agus cuireann sé le laghdú ar a lorg comhshaoil.

In 2018, chuir an Clár Glas tús le Tionscadal Píolótach um Maoirseacht Uisce agus d'éirigh leis sin in 2019. In 2019, seoladh dhá chéim den tionscadal chun cabhrú le gnólachtaí a n-úsáid uisce a phleanáil go cruinn agus tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar a gcleachtais bainistíochta uisce.

Is comhpháirtí é Clár Glas BIM in dhá thionscadal Interreg Eorpacha. Ar cheann de na tionscadail, tá sé mar aidhm ag Food Heroes cur amú bia a laghdú agus is é is aidhm don tionscadal eile, an Córas Cnuasaithe Cliste Fuinnimh (piSCES) costais agus lorg carbóin an tionscail próiseála éisc a laghdú trí ghréasán leictreachais nua 'Greille Chliste' a fhorbairt agus a thástáil. Tá sé beartaithe go leanfar leis an dá thionscadal sin go dtí deireadh na bliana 2020.

Caighdeáin Orgánacha an AE agus Scéimeanna Árachais Eile

Tá an straitéis chun bia mara na hÉireann a éagsúlú trí úsáid a bhaint as dintiúir inbhuanaitheachta atá aitheanta go hidirnáisiúnta ina phríomhchuspóir ag BIM le blianta beaga anuas.

In 2019, lean BIM den chlár dearbhaithe Dobharshaothraithe Cáilíochta Deimhnithe (CQA), atá creidiúnaithe do ISO 17065, a chothabháil thar ceann earnáil dobharshaothraithe na hÉireann. Tugadh cúnamh do chomhlachtaí feirmeoireachta éisc na hÉireann creidiúnú a bhaint amach agus a choinneáil do Chaighdeáin Orgánacha an AE le haghaidh bradán agus diúilicíní. D'éirigh go maith le húsáid an deimhnithe orgánaigh do bhradáin feirme na hÉireann agus tá a dtáirgí á ndíol ar phraghas ard in earnáil an bhradáin Atlantaigh feirme ar fud an domhain.

Bhain caighdeán BIM CQA coibhéis amach freisin leis an gcaighdeán Tionscnamh Domhanda um Bia Mara Inbhuanaithe (GSSI) i rith 2019 tar éis cleachtadh foirmiúil tagarmharcála. Ní hamháin go bhféachann an tacaíocht shuntasach seo chuige go seasfaidh CQA an aimsir, cuireann sí é seo agus táirgí eile bia mara na hÉireann a chlúdaíonn sé, ar aon dul leis na caighdeáin is fearr atá san iomaíocht ar fud an domhain.

Éacht tábhachtach eile a bhí ann in 2019 ná gur baineadh amach Deimhniú Maoirseachta Muirí (MSC) do dhiúilicíní rópaí in Éirinn, chun cur leis an deimhniú reatha MSC do dhiúilicíní bunfhásta. Is caighdeán an-luachmhar é teastas MSC agus is comhartha inbhuanaitheachta aitheanta é ar fud an domhain. A bhuí leis an méid sin, tá tionscal dobharshaothraithe na hÉireann in ann rochtain leanúnach a fháil ar mhargaí préimhe ardluacha.

MV T. Burke II

In Earrach na bliana 2019, sheol BIM a shoitheach nua suirbhéireachta cósta MV T. Burke II. Baintear úsáid as an soitheach úrscothach sin chun suirbhéanna a dhéanamh ar tír mór le díriú ar speicis shliogéisc. Tá trealamh ciansuirbhéireachta agus fisiciúil ann chomh maith, mar aon le córais mhapála geo-thagartha. Ar an gcaoi sin, éascaítear bailiú sonraí ardcháilíochta ar féidir iad a chomhthiomsú agus a tharchur go tapa chuig iascairí. Sa chéad séasúr, braitheadh agus tuairiscíodh an soitheach ar 8,000 tona de shíol diúilicíní a thacaigh le séasúr iascaireachta síolta diúilicíní 2019.

Cóireálacha Bradán agus Nuálaíocht Trealaimh

Tá córas ceannródaíochta neamhionrach, nádúrtha cóireála orgánach do stoic feirme forbartha ag BIM i gcomhar leis an tionscal feirmeoireachta bradán in Éirinn. Tacaíonn na córais sin le sláinte éisc agus cothaíonn siad timpeallacht chultúir d'ardcháilíocht. Rinneadh trialacha fairsinge in 2019 chun éifeachtúlacht na dteicnící cóireála uisce scagtha a thástáil chun paraisítí a bhaint agus chun dul i ngleic leis an ngalar geolbhaigh arb é is cúis leis speiceas planctónach a fhaightear go nádúrtha. Léiríodh go soiléir sna trialacha sin go bhfuil cóireálacha den sórt sin éifeachtúil maidir leis na dúshláin táirgthe sin a chomhrac, agus ar an gcaoi sin íoslaghdú a dhéanamh ar an gceanglas maidir le hidirghabhálacha míochaine.

Dúshlán tábhachtach a d'eascair ó na trialacha ba ea an gá fionnuisce a iompar chuig stoic feirme amach ón gcósta. D'fhorbair BIM córas mála dúnta le cumas chun bogadh 500m^3 d'fhionnuisce thar achair mhóra ar luas sé mhuirmhíle. Is féidir na málaí dúnta seo (nó málaí tarraingthe) a bhogadh ar thraein suas le cúig cinn agus is féidir iad a stóráil ar an láthair le gur féidir sceidealú cóireála fionnuisce níos éifeachtúla a dheimhniú.

Chomh maith leis sin, d'fhorbair BIM córas cumhachta hibrideach le húsáid ar chaighin bhradán nó gar dóibh. Foinse fuinnimh ghlan do na caighin is ea é sin, rud a chuireann feabhas ar an lorg carbóin.

Clár Forbartha Feamainne

Tugtar tacaíocht d'earnáil feirmeoireachta feamainne na hÉireann trí Chlár Forbartha Feamainne BIM. Lean BIM leis an tionscadal frithmhomaigineach feamainne atá an-nuálach, lena ndéantar anailís ar an acmhainneacht atá ann feamainn dhearg a chuimsiú in aistí bia athchogantaigh chun táirgeadh meatáin in eallach agus i gcaorach a laghdú. Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Teagasc ag comhoibriú ar an tionscadal seo freisin.

In 2019, rinne BIM óstáil ar 'Farming Seaweed in Ireland' - comhdháil a mheall 120 toscaire. Dhírigh an chomhdháil ar fheamainn a tháirgeadh le haghaidh bia don duine, cosmaidí, táirgí cógais agus forlíonta ainmhithe. Thug BIM maoiniú do tháirgeadh théad bailitheora síolaithe Alaria esculenta ar fhad 15,000 méadar é agus líonta ina bhfuil *Porphyra umbilicalis* lena n-imscaradh ar shuíomhanna saothraithe mara.

Inbhuanaitheacht Shóisialta

Féachann BIM le pobail rathúla chósta a chothú agus cumhachtú áitiúil a bhaint amach trí rannpháirtíocht agus comhoibriú geallsealbhóirí.

Iascaigh Chladaigh

Cuireann an earnáil chladaigh, ina mbíonn soithí atá níos lú ná 12 mhéadar ar fhad gníomhach, go mór le creatlach na bpobal cósta. Tá beagnach 1,200 soitheach cláraithe sa chatagóir seo agus is gliomaigh éisc, portáin donn, meaca, breallaigh rásúir iad den chuid is mó chomh maith le roinnt speiceas eile sliogéisc.

Leis na sé Fhóram Réigiúnacha Iascaigh Chósta a cruthaíodh, cuirtear ardáin ar fáil don phlé agus don dul chun cinn maidir le saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar an earnáil. Sheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, T.D. Straitéis Earnála Iascaigh Chladaigh na hÉireann 2019-2023 go luath in 2019, rud arb ionann le cloch mhíle mhór do na RIFFanna agus dá gcuid oibre chun todhchaí earnáil atá ríthábhachtach d'inbhuanaitheacht phobail chósta na hÉireann a chosaint a chumhdach. Ina dhiaidh sin bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe chun an Straitéis a thiomáint.

Seoladh báid suirbhéireachta nua ar tír mhór, MV T. Burke II, chun monatóireacht a dhéanamh ar stoic leaba diúilicíní, Cionn tSáile, Co. Chorcaí, Aibreán 2019. Sa phictiúr, clé go deas: Olivia Moylan Burke, Lorcan Burke, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, T.D., Jim O'Toole, Príomhfheidhmeannach, BIM, Kieran Calnan, Cathaoirleach, BIM.

Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh

Tionscnamh forbartha pobail cois cósta is ea an Clár Grúpaí Gníomhaíochta Limistéir Áitiúil Iascaigh (FLAGanna) le ciste de €12 milliún ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) le dáileadh, le tacaíocht ó BIM, ar sheacht bpobal chósta ainmnithe in Éirinn.

Chuir na seacht FLAGanna tús leis an tríú bliain dá nglaonna tionscadail go luath in 2019 agus fuair siad breis is 320 iarratas ar thionscadal. Roghnaíodh 274 díobh san iomlán i gcomhair ceadú deontais. Chomh maith leis na tionscadail a cuireadh i gcrích in 2019, bhí roinnt tionscadal ann a cuireadh ar bun in 2018 agus nár cuireadh i gcrích go dtí 2019 - rud a chuir le caiteachas na bliana 2019.

Ar an iomlán, rinneadh cabhair phoiblí de luach níos mó ná €2.7 milliún i 229 thionscadal a eisíoc faoin gclár FLAGanna in 2019, rud a thacaigh le hinfheistíocht iomlán de níos mó ná €4.5 milliún. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, b'ionann forbairt eacnamaíoch na limistéar cósta agus beagnach seasca faoin gcéad den chúnamh deontais a dáileadh.

Bhain 25% de na cistí a dáileadh in 2019 le tionscadail phobail a fhorbraíonn scileanna agus eolas áitiúil agus a chuireann folláine shóisialta agus oidhreacht chultúrtha chun cinn, agus tugadh cúnamh freisin do líon beag tionscadal eile a bhí dírithe ar chosaint agus ar chur chun cinn an chomhshaoil.

Córas Comhordaithe um Bainistiú Dobharshaothraithe Áitiúil

Ó bunaíodh é, tá ag éirí go maith leis an bpróiseas um Bainistiú Dobharshaothraithe Áitiúil (CLAMS) de chuid BIM, atá uathúil d'Éirinn, trí chomhordú, cumarsáid, agus cur chuige áitiúil i leith bainistíochta ceantair a chur chun cinn.

In 2019, thug an tionscal dobharshaothraithe faoi thionscadail a bhaineann le bruscar muirí, cáilíocht uisce agus bithshlándáil, le tacaíocht ó bhaill fhoireann réigiúnach BIM.

Agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le stádas ard sláinte na stoc saothraithe a choinneáil, mhaoinigh BIM tionscadal bithshlándála a thagarmharcáladh go hidirnáisiúnta le linn 2019. Tá Deimhniú i mBainistíocht Bithshlándála Limistéar bainte amach ag grúpa CLAMS Chuan Mó ón gComhaontas Domhanda Dobharshaothraithe (GAA) um Dhea-Chleachtais Dobharshaothraithe (BAP), rud nár tharla cheana.

Ag Tacú le Ceadúnú Dobharshaothraithe

Tá ról lárnach ag BIM ag tacú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus leis an tionscal dobharshaothraithe, i mbailiú agus i dtiomsú sonraí chun tacú leis an gcóras ceadúnúcháin dobharshaothraithe. Ba iad na tosaíochtaí do 2019 ná leagan amach láithreán agus bealaí rochtana a mhapáil agus a chur isteach.

Tá ról ag BIM, i gcomhairle le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta maidir le caomhnú na láithreán agus na ngnéithe oidhreachta muirí a chinntiú. Le linn 2019, cuireadh suirbhéanna seandálaíochta mara i gcrích i seacht limistéar: Baile Chaisleáin Bhéarra, Loch Súile, Dairbhre, Cuan Loch Garman, an Cruachán, Cairlinn, agus Béal Átha Longfoirt. Ní mór imscrúdú breise a dhéanamh ar na gnéithe a aithníodh sa suirbhé Loch Garman. Rinneadh suirbhéanna nua a choimisiúnú i gCill Mhic Ceithleóige agus i Neidín freisin.

Taste the Atlantic

Is rian atá tiomnaithe don bhia mara a d'fhorbair BIM i gcomhar le Fáilte Éireann é Taste the Atlantic. Léiríonn an rian seo an bia mara atá á saothrú agus á baint in uiscí glana chósta Atlantach na hÉireann.

I measc na dtáirgí atá ar fáil feadh an riain tá oisrí carraige Éireannacha, diúilicíní a fásadh ar rópaí, bradáin orgánacha agus abalón. Dearadh na heispéiris do chuairteoirí chun béim a chur ar thábhacht obair na dtáirgeoirí seo, ní hamháin dá bpobail áitiúla ach d'oidhreacht na bia mara agus d'oidhreacht chósta na hÉireann freisin. Tacaíonn bialanna agus caiféanna áitiúla leis an turas bia mara, áit ar féidir táirgí úra, táirgí a ghabhtar go háitiúil agus táirgí feirmeoireachta a shampláil.

In 2019, leathnaíodh an bealach agus tá 23 léiritheoir bia mara ann anois ó Chionn tSáile i gContae Chorcaí go Rinn Mhálanna i gContae Dhún na nGall. Leis an tionscnamh seo cruthaítear tuiscint níos fearr, glacadh níos fearr agus tacaíocht phoiblí níos fearr don dobharshaothrú feadh chósta an iarthair. Cuirtear cómhaireachtáil rathúil an dobharshaothraithe agus na turasóireachta chun cinn don phobal chun a chinntiú go leanfar den cheadúnas sóisialta don dobharshaothrú agus is léir go bhfuil gníomhaíochtaí dobharshaothraithe agus fóillíochta comhlántach.

Mheall Taste the Atlantic os cionn 50,000 cuairteoir ar an 23 léiritheoir den bhealach in 2019. Thuairiscigh níos mó ná daichead faoin gcéad de na rannpháirtithe méadú ar ioncam i gcomparáid le 2018.

Farmed in the EU

Is clár oideachais uile-AE é *Farmed in the EU* a thionscain an Coimisiún Eorpach. Is é aidhm an chláir ná 'feasacht na mac léinn ar an earnáil a ardú, go háirithe ina bpobal féin agus cabhrú leo ceisteanna a fhiosrú a bhaineann le táirgeadh bia, leis an gcomhshaol agus leis na deiseanna éagsúla gnó agus gairme a chuireann an dobharshaothrú ar fáil'.

Is í Éire an dara tír a bhfuil baint aici leis an gclár seo agus tá forbartha ag BIM an Seomra Cianaicme an Dobharshaothraithe (ARC) mar chuid den chlár Farmed in the EU.

Dearadh an seomra ranga soghluaiste seo chun freastal ar suas le tríocha foghlaimeoir óg le haghaidh eispéireas foghlama idirghníomhach lae. Is é fócas ARC ná páirt dhearfach a thabhairt do dhaoine óga maidir le dobharshaothrú agus a léiriú conas a bhaineann sé leo féin agus lena bpobal.

Le linn 2019, chuir ARC fáilte roimh níos mó ná cúig mhíle cuairteoir ar bord. Fuarthas trí chéad is seasca trí iarratas ar chuairt scoile agus d'fhreastail sé ar 11 féile a bhain le bia mara.

Scéimeanna um Marcáil Aontaithe Speisialta

Tá córas marcála loingseoireachta simplithe curtha ar bun ag BIM, i gcomhar leis an tionscal dobharshaothraithe, le hOifig na Suirbhéireachta Mara agus le Coimisinéirí Soilse na hÉireann. Cuireann an córas seo treoir amhairc éifeachtach ar fáil d'aon duine atá ag loingsiú uiscí cósta na hÉireann. Laghdaíonn an Scéim seo tionchar foriomlán amhairc na hearnála freisin.

In 2019, rinneadh cigireachtaí ar gach Scéim um Marcáil Aontaithe Speisialta (SUMS) chun loingseoireacht shábháilte a chinntiú. Tugadh faoi chothabháil riachtanach, agus cuireadh scéim nua ar bun i mBá Bheanntraí laistigh. Tionscnaíodh ceithre scéim breise in iarthar na hÉireann.

I gcomhar le Coimisinéirí Soilse na hÉireann, d'fhorbair BIM nós imeachta oibríochta caighdeánach chun láithreáin dobharshaothraithe a mharcáil atá le seoladh in 2020.

Triail trealaimh ar bord an MFV Ocean Pioneer chun measúnú a dhéanamh ar dhé-shocfhoirceann in iascach deirmreach measctha na Mara Ceiltí i Halla an Aontais, Co. Chorcaí, Samhain 2019.

Rinneadh ceiliúradh ar bhradán na hÉireann i mar chuid d'eispéireas cuairteora nua Taste the Atlantic, Lios Dúin Bhearna, Co. an Chláir, Deireadh Fómhair 2019.

An Nuálaíocht

'Tá an nuálaíocht ríthábhachtach chun geilleagar bia mara na hÉireann a fhorbairt agus, le cabhair ó thacaíochtaí nuálaíochta BIM, tá réimse agus sofaisticiúlacht leathnaithe aige, rud nach mór dó a dhéanamh chun cos a choinneáil lenár n-iomaitheoirí ar an margadh domhanda. Oibríonn BIM go dlúth leis an earnáil bia mara intíre chun deiseanna nuálaíochta a thráchtálú chun fás a chur ar fáil dár gcliantchomhlachtaí.'

Chabhraigh réimse tacaíochtaí nuálaíochta BIM leis an earnáil bealaí nua agus níos fearr a aimsiú chun luach a chur le táirgí bia mara Éireannacha le linn 2019. De réir Food Wise 2025, is é an sprioc fhoriomlán an leibhéal táirgthe tráchtearraí sách ard atá ann cheana a laghdú agus féachaint le costais a ghearradh agus luach breise a chruthú ag gach céim den tslabhra soláthair.

Plean Straitéiseach Nuálaíochta

I gcomhréir le straitéis BIM, tá creat don nuálaíocht tógtha aige chun glacadh le bealaí nua chun iomaíochas domhanda earnáil bia mara na hÉireann a fheabhsú. Leis an gcreat sin a bhaineann go sonrach le bia mara, beidh cuideachtaí in ann gníomhú ar bhealach níos straitéisí agus luach breise a chruthú.

Tá Ionad Fíorúil um Nuálaíocht i mbia mara, faoi stiúir BIM i gcomhpháirtíocht le taighde agus le hinstitiúidí tríú leibhéal, á bhunú chun infheistíocht sa nuálaíocht agus sa taighde feidhmeach a spreagadh. Tá múnla nua rannpháirtíochta cliant á fhorbairt ag BIM freisin, múnla atá bunaithe ar chur chuige comhpháirtíochta agus atá ag cur foinsí léargais faoi stiúir an mhargaidh ar fáil don tionscal chun borradh a chur faoi leathnú na hearnála ar an margadh domhanda agus dlús a chur léi.

Tríd an gcur chuige sin, cuirfidh BIM úsáid fhorleathan na bpríomhmhodheolaíochtaí nuálaíochta a bhaineann go sonrach le bia mara chun dlús a chur le fás tráchtála ar fud na hearnála ar an mbealach is éifeachtúla is féidir.

Mol Nuálaíochta Bia Mara

Baineann Mol Nuálaíochta Bia Mara (SIH) BIM, atá lonnaithe i gCloich na Coillte, creatlach saincheaptha don nuálaíocht i mbia mara. Cuireann an mhodheolaíocht saineolas agus teicneolaíocht ar fáil chun cabhrú le tionscal bia mara na hÉireann deiseanna nua breisluacha gnó a fhorbairt agus a thástáil a bhfuil riosca íseal ag baint leo dóibh féin.

Thug BIM faoi raon tionscadal nuálaíochta thar ceann na hearnála in 2019. Cheadaigh an obair do BIM tacaíocht shaineolach a chur ar fáil chun riachtanais cliant a aithint, chun féidearthacht na samhla gnó a mheas agus chun inmharthanacht tráchtála raon tionscadal a fheabhsú.

Áiríodh sa phunann sin tionscadail amhail bealaí nua a aimsiú chun amhábhar faoitíní gorma tearcúsáidte a láimhseáil chun é a dhéanamh níos oiriúnaí do thomhaltas ag daoine agus chun a dhíorthaigh a thástáil freisin, lena fhiosrú cibé an bhfuil nó nach bhfuil luach don earnáil núicléasach ag gabháil leo - earnáil atá ag fás go tapa. Rinneadh measúnú ar mhodhanna éagsúla chun luach a chur le faoitín ar mhaithe lena bhaint den tráchtearra nó den soláthar do tháirgeadh mine éisc. Rinneadh measúnú freisin ar theicnící nua maidir le láimhseáil cloicheán chun a gcaighdeán a fheabhsú. Ina theannta sin, tugadh tacaíocht shaincheaptha do roinnt cliant chun tionscadail fáis ghnó a fhorbairt ar mhian leo tabhairt fúthu do speicis lena n-áirítear ronnach, iasc geal agus sliogéisc.

Ionad Barr Feabhais um Nuálaíocht

Táthar ag súil go mbeidh Ionad Barr Feabhais BIM um Nuálaíocht (I-CoE) ina thairseach don tionscal chun rochtain a fháil ar nuálaíocht bia mara atá ábhartha ó thaobh na tráchtála de, ar theicneolaíochtaí nua agus ar thaighde agus ar fhorbairt. Cuirfidh an I-CoE na cliaint ar a gcumas nasc a dhéanamh leis an saineolas ábhartha laistigh de BIM chun uirlisí nuálaíochta a chur i bhfeidhm, rochtain a fháil ar líonra domhanda saineolais taighde, forbartha agus nuálaíochta (TFN) le réimse tionscadal arb é is aidhm dóibh luach a mhéadú, costais a laghdú, táirgiúlacht amhábhar a mhéadú, eolas nuálach nua a aistriú chuig an earnáil agus maolú comhshaoil a mhéadú. Neartaíonn an tionscnamh seo an cur chuige i leith tionscadail a fhorbairt a bhfuil tionchar tráchtála acu agus déanann sé riachtanais an tionscail a ailíniú leis na soláthraithe réiteach is ábhartha ar fud an domhain.

Clár Forbartha Taighde agus Nuálaíochta maidir le Próiseáil Bia Mara (RDI)

Tacaíonn Clár Próiseáil Bia Mara an BIM le tionscadail taighde agus forbartha atá dírithe ar tháirgí agus próisis nua nó fheabhsaithe a fhorbairt don earnáil. Beidh siad faoi stiúir an mhargaidh, i gcomhar le hearnáil na tionsclaíochta agus cuirfear i gcrích iad le hEagraíochtaí Feidhmíochta Taighde (RPOnna) aitheanta mar chomhpháirtithe. Soláthraíonn an clár seo modh don tionscal chun tograí tionscadail TFN ábhartha a chur isteach a bheidh le déanamh ag BIM ar mhaithe leis an earnáil ina hiomláine.

Chuidigh BIM le raon leathan tionscadal bia mara faoin gclár sin in 2019. Ó thaobh na gabhála de, rinneadh taighde maidir le cineál nua baoite a fhorbairt le haghaidh iascaireacht na bportán donn. Mar iarracht sruthanna dramhaíola bia mara a iompú ina bhfoinsí ioncaim, rinneadh tionscadal chun comhdhúile luachmhara a d'fhéadfadh a bheith ann chun eastóscán a bhaint as diúilicíní atá éillithe le biththocsainí a fhaightear go nádúrtha iontu. Rinneadh obair freisin chun féachaint an bhféadfaí teicneolaíochtaí nua 'sárchoillte' a chur ar bord soithí chun seilfré na n-iasc geal a leathnú agus chun an buntáiste margaidh a ghiaráil d'éisc a ghabhtar in Éirinn. Díríodh aird mhór ar an gcumas cothaitheach a bhaineann le díorthaigh faoitíní gorma. Rinneadh tástáil freisin ar phúdair, eastóscáin phróitéine agus foirmeacha eile táirgí i gcomhair réimse leathan tréithe, lena n-áirítear bith-infhaighteacht vitimíní agus mianraí agus a n-úsáid fhéideartha chun gnéithe eile de chothú an duine a fheabhsú.

Cuireadh tús le tuilleadh tionscadal faoin Scéim seo ag deireadh na bliana 2019 agus leanfar leo le linn 2020. Áirítear orthu sin scrúdú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí um brath uathoibrithe a imscaradh le haghaidh péisteanna seadánacha éisc bháin a bhíonn ann go nádúrtha agus arb iad is cúis le fadhbanna cáilíochta agus ar thaiscéaladh ar nósanna imeachta maolaithe chun déileáil le leibhéil de Caidmiam bithcharntha i speiceas áirithe crústach a bhíonn ann go nádúrtha ach atá níos airde ná mar a bheifí inmhianaithe.

Nuálaíocht Bhia Mara agus Pleanáil Gnó

Tacaíonn an Scéim Nuála Bia Mara agus Pleanála Gnó le nuálaíocht agus forbairt táirgí nua trí thionscadail thionscaltreoraithe agus phoiblí araon. In 2019, fuair 17 dtionscadal nuálaíochta agus pleanála gnó cúnamh poiblí de chuid CEMI de thart ar €1.2 milliún.

I measc na gcistí faoin scéim bhí naoi dtionscadal ó ghnóthais phróiseála ar tugadh tacaíocht deontais dóibh arb ionann le €0.1 milliún. Is ionann sin agus infheistíocht iomlán de thart ar €0.2 milliún. Chlúdaigh na tionscadail raon leathan de ghníomhaíochtaí nua forbartha agus d'fheabhsaithe a bhaineann le táirgí díorthacha éisc, feamainne agus bia mara; tástáil tomhaltóirí agus margaidh; staidéir indéantachta margaidh agus pleanáil gnó.

B'ionann ocht dtionscadal eile a ghabh BIM de láimh ar mhaithe leis an earnáil agus €1.1 milliún in 2019.

Chuir BIM painéal saineolaithe de mheantóirí gairmiúla ar fáil le bheith ag obair le gnólachtaí nua bia mara agus le gnólachtaí bia mara atá ar an bhfód cheana féin. I measc na dtacaíochtaí sin ná forbairt pleananna fáis cuideachta, straitéis chuideachta a fhorbairt, comhpháirtíochtaí gnó a chruthú agus athstruchtúrú airgeadais.

Thairg an fhoireann seol chuig an réimse iomlán de sheirbhísí BIM do chliaint agus tháinig tuiscint níos doimhne ar riachtanais an chliaint dá bharr. Ina theannta sin, le cruthú an *Chláir Chomhairle um Nuálaíocht*, bhí mic léinn iarchéime agus máistreachta in ann uasoiliúint a fháil i réimsí an ghnó theicniúil agus an bhia mara in SIH.

An Scéim um Scálú Bia Mara agus Forbairt Margaí Nua

Tacaíonn an scéim seo le tionscadail faoi stiúir an tionscail féin a chuireann barainneachtaí scála chun cinn trí chomhar tionscail, trí chomhfhiontair, agus trí struchtúir chomhroinnte bealaigh-go-margadh. Cuidíonn sé go gníomhach le cuideachtaí oibríochtaí a chomhcheangal agus díolacháin chomhchoiteanna a thógáil faoi struchtúr atá dírithe ar an margadh aonair agus spreagann sé iad. In 2019, thacaigh an CEMI le cúnamh poiblí de thart ar €0.4 milliún in 2019 chun sé thionscadal bia mara a scálú agus an margadh nua a fhorbairt.

Cuireadh dhá chomhthionscadal ar bun in 2019 – fiontair phróiseála aonair a chuir a n-acmhainní le chéile chun infheistíocht a dhéanamh chun a leathnú a fhorbairt i margadh na hÁise. B'ionann an dá thionscadal sin agus tacaíocht arbh fhiú €0.2 milliún, agus de réir ráta deontais caoga faoin gcéad rinneadh infheistíocht iomlán de thart ar €0.3 milliún a ghiaráil ón dá thionscadal thiomsaitheacha sin.

Thug BIM faoi cheithre thionscadal scálúcháin agus forbartha margaidh nua ar mhaithe leis an earnáil ar chostas €0.2 milliún.

Scéim Infheistíochta Caipitil Phróiseáil Bia Mara

Tacaíonn an Scéim Infheistíochta Caipitil um Próiseáil Bia Mara le tionscadail atá dírithe orthu seo a leanas: Costais fuinnimh a laghdú; Feabhas a chur ar shábháilteacht, ar shláinte, ar cháilíocht, ar shláinteachas, ar inrianaitheacht agus breisluach a chinntiú trí phróiseáil, trí chur i láthair agus trí phacáistiú. In 2019, tugadh tacaíocht do 21 tionscadal infheistíochta caipitil, arna gcur chun feidhme ag 17 gcuideachta bia mara, le cúnamh poiblí de thart ar €2.5 milliún. Leis an tacaíocht sin, rinneadh infheistíocht fhoriomlán mheasta de bhreis agus €10 milliún san earnáil próiseála bia mara a ghiaráil.

Staidéar ar an Earnáil Pheiligeach

Bhí bliain dhúshlánach í 2019 don earnáil pheiligeach, le ciorruithe fiche faoin gcéad ar an gcuóta i gcás ronnach agus faoitíní gorma, agus laghdaíodh cuótaí scadán faoi 25%. Rinne próiseálaithe cuid de na srianta gabhála sin a fhritháireamh - rud a mheall soithí neamh-Éireannacha chun tuirlingt isteach sna Cealla Beaga.

Rinne BIM diantriail phróiseála ar na speicis faoitíní gorma tearcúsáidte agus d'fhíoraigh sé go bhféadfaí táirgí breisluacha a tháirgeadh ar scála mar fhreagairt ar éileamh an mhargaidh. Cé go raibh cuma tharraingteach ar an toradh a tuaradh ar na cóimheasa infheistíochta, ba iad na príomhdhúshláin a bhí le sárú ag iascairí agus ag próiseálaithe ná faoitín gorm de cháilíocht iomchuí a thabhairt i dtír mar aon leis an gcostas a bhain le hinfheistíocht a dhéanamh sa trealamh próiseála.

Mar thoradh ar an riosca go bhféadfaí cosc a chur ar uiscí iascaireachta na Ríochta Aontaithe ag deireadh na bliana mar gheall ar neamhchinnteacht thorthaí an Bhreatimeachta, thug iascairí na hÉireann a gcuóta ronnach 2019 i dtír i mí Eanáir agus i mí Feabhra beagnach ina iomláine. Chuir sé sin brú agus costais shuntasacha ar phróiseálaithe méideanna móra stoic a bheith ina seilbh acu féin agus i bhfuarstórais tríú páirtí, atá lonnaithe san Ísiltír den chuid is mó. Choimisiúnaigh BIM comhairleacht lóistíochta chun modhanna a aimsiú chun na costais bhreise sin a mhaolú agus cuireadh tuarascáil ar fáil ina raibh cur síos ar na roghanna éagsúla sin.

Go deireanach in 2019, thosaigh BIM ag soláthar saineolais sheachtraigh chun tabhairt faoi bhreithmheas straitéiseach ar an earnáil pheiligeach leis an aidhm measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí reatha agus ar an gcaoi a bhféadfaí deiseanna breisluacha comhlántacha a fhorbairt.

Thionscadal an Atlantaigh

Is tionscadal faoi stiúir BIM é Tionscadal an Atlantaigh arna chur ar bun ag comhghrúpa stiúrtha tionscail agus Stáit. Tá sé mar aidhm leis deis bhreise forbartha a chruthú d'earnáil bia mara na hÉireann chun cur le luach na hearnála trí chur le líon na ngabhálacha a thugtar i dtír i gcalafoirt iascaigh na hÉireann.

Tá cuóta na hÉireann thart ar fiche faoin gcéad den 1.2 milliún tona bia mara a ghabhtar go bliantúil amach ó chósta Atlantach na hÉireann. Gabhtar an chuid eile de na héisc seo amach ón gcósta, ach faoi láthair ní thugtar i dtír iad. Tá deis ann cur go mór leis na gabhálacha a thugtar i dtír in Éirinn, rud a chruthódh luach breise agus fostaíocht sa phróiseáil agus i seirbhísí coimhdeacha calafoirt. Tá an sprioc seo leagtha amach mar chuspóir in Foodwise 2025.

I measc na dtáirgí insoláthartha sonracha ó Thionscadal an Atlantaigh tá na nithe seo a leanas: fardal seirbhísí calafoirt a fhorbairt; córas díolacháin úrscothach a shuiteáil a bhfuil ardtuirlingt ann; agus faisnéis faoi phraghsanna agus ionad díolacháin agus dáileacháin a bhunú.

Nuálaíocht (ar lean)

I mí Eanáir 2019, rinne an Grúpa Stiúrtha Tionscadail athbhreithniú ar an bplean gnó agus ar an tsamhail airgeadais. Comhaontaíodh go rachadh Tionscadal an Atlantaigh ar aghaidh go dtí an chéim darb ainm 'cruthúnas coincheapa'. Rinneadh tuilleadh forbartha ar an gcéim sin den tionscadal chun costais agus spriocanna mionsonraithe a chur san áireamh. Le linn 2019, thionóil an fhoireann tionscadail sraith cruinnithe le páirtithe tionscail chun coincheap gnó Thionscadail an Atlantaigh a chur i láthair agus chun measúnú a dhéanamh ar a spéis sa tairiscint. Tá an obair seo ar siúl faoi láthair agus tá sé beartaithe go leanfar léi le linn 2020.

An Chomhairle Baile

Tá an Chomhairle Baile comhdhéanta d'ionadaithe ó roinnt cuideachtaí próiseála bia mara Éireannacha. Bunaíodh é chun go bhféadfaí comhscrúdú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua, a d'fhéadfadh breisluach a chur leis an earnáil ar an iomlán, ag céim réamhiomaíoch. Is é an cuspóir atá ann an riosca a íoslaghdú do chuideachtaí aonair maidir le tabhairt faoi thrialacha aistrithe teicneolaíochta agus an próiseas a dhéanamh níos éifeachtúla chomh maith le dlús a chur le tabhairt isteach modheolaíochtaí tairbheacha san earnáil Éireannach. Mar chuid den chur chuige sin, thaistil comhaltaí na Comhairle ar thuras staidéir, a d'eagraigh BIM, go Bremerhaven, an Ghearmáin i mí Mheán Fómhair 2019 chun foghlaim faoi theicneolaíochtaí nuálacha le haghaidh bia mara a phróiseáil. Reáchtáil an t-ionad taighde bia, TTZ Bremerhaven, atá mar chuid d'Ollscoil Bremen, seimineár don toscaireacht, ag díriú ar theicneolaíocht nua reo is coscartha atá á forbairt ansin.

Breisluach a chur le Faoitín agus Cadóg

Is cuid shuntasach de chuóta na hÉireann d'iasc bán iad faoitín agus cadóg. Tá deis shuntasach ann breisluach níos mó a bhaint amach ón acmhainn amhábhair seo don tionscal. In 2019, chuir BIM tús le tionscnamh chun ailíniú a fhorbairt tríd an earnáil gabhála trí na próiseálaithe agus ar na margaí easpórtála. Ba é an cuspóir a bhí leis sin líon an dá speiceas atá á bpróiseáil in Éirinn a mhéadú seachas an cleachtas reatha an táirge a sheoladh thar lear i staid ar a dtugtar staid 'mar a tugadh i dtír' uirthi. Tá an obair seo ar siúl faoi láthair agus tá sé beartaithe go leanfar léi le linn 2020.

Clár Luasaire Dobharshaothraithe

Is é an coincheap atá taobh thiar de chlár luasaire dobharshaothraithe forbairt agus fás cuideachtaí a bhfuil smaoineamh gnó nuálach acu a rianú go tapa. In 2018, ghlac ocht ngnólacht nuathionscanta idirnáisiúnta páirt i gclár luasaire dobharshaothraithe, le tacaíocht ó BIM i gcomhpháirtíocht le comhlacht príobháideach, Hatch Ltd.

Tar éis rath an tionscnaimh seo, tugadh faoi chlár dian dhá sheachtaine in 2019 le tacaíocht bhreise ó BIM. Ghlac 13 chuideachta páirt ann - cuideachtaí Éireannacha den chuid is mó. D'éirigh go maith leis sin mar bhaisc de ghnólachtaí nuathionscanta agus fuair trí cinn de na cuideachtaí rannpháirteacha cistiú cothromais phríobháidigh chun a gcoincheapa a fhorbairt a thuilleadh. Ghlac na trí chuideachta sin páirt freisin sa *Chlár Luasaire Domhanda Hatch* is mó. Tá BIM ag leanúint de bheith ag obair leis na cuideachtaí nuathionscanta dobharshaothraithe sin.

Cuireadh tús le triail ar aip nua, FAIRE, chun cabhrú le hearnáil an dobharshaothraithe freagairt do speicis choimhthíocha ionracha, Diúilicíní Mhaoil Rua, Co. Dhún na nGall, Iúil 2019.

Ócáid nuálach teicneolaíochta éisc bhána, Mol Nuálaíochta Bia Mara BIM, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, Meán Fómhair 2019.

Seoladh Clean Oceans Initiative, Halla an Aontais, Co. Chorcaí, Eanáir 2019. Sa phictiúr, clé go deas: Adrian Bendon, MFV Hannah J agus An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed T.D.

Iomaíochas

'Mar phríomhtháirgeoir bia mara atá ar ardchaighdeán, a shaothraítear ar bhealach hinbhuanaithe, tá iomaíochas na hÉireann ar mhargadh an domhain thar a bheith tábhachtach dá rath.'

Iomaíochas

Le linn 2019, d'oibrigh BIM le gnólachtaí bia mara sna hearnálacha gabhála, dobharshaothraithe agus próiseála chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna soláthair agus scála. Baineadh é sin amach trí léargais ghnó a sholáthar, anailís a dhéanamh ar thionchair shocheacnamaíocha na bpríomhcheisteanna atá os comhair na hearnála (e.g. an Breatimeacht), chomh maith le tacaíocht a thabhairt don tionscal chun rialacháin chasta a thuiscint. Cuireadh réimse tionscadal agus seirbhísí sonracha ar fáil chun iomaíochas na hearnála a chaomhnú.

An Clár Ilbhliantúil um Bailiú Sonraí (DC-MAP)

Is sonraí eacnamaíocha a bhailítear agus a ndéantar anailís orthu ó na hearnálacha gabhála, próiseála agus dobharshaothraithe atá mar bhuntaca le seachadadh na dtionscadal agus na seirbhísí faoin gcolún iomaíochais. Bailítear na sonraí sin gach bliain trí Shuirbhé Náisiúnta Bia Mara BIM. Tá raon feidhme agus cineál na faisnéise a bhailítear leagtha amach i rialacháin éagsúla de chuid an Aontais, ar a dtugtar an Clár Ilbhliantúil um Bailiú Sonraí le chéile, nó Plean Ilbhliantúil AE – clár ilbhliantúil de chuid an Aontais maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí sna hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe don tréimhse 2017-2020. Le linn 2019, mar chuid den chlár bailithe sonraí, bhí BIM rannpháirteach i gcruinnithe de Ghrúpa Oibre Saineolaithe de Choiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch an Choimisiúin Eorpaigh um Iascach (STECF) inar cuireadh anailís ar shonraí eacnamaíocha i gcrích don earnáil bia mara ar an leibhéal Eorpach. Ina theannta sin, rinne BIM ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag cruinnithe Ghrúpa Pleanála an Choimisiúin Eorpaigh um shaincheisteanna Eacnamaíochta (PGECON), agus ag meithleacha oibre na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) um Tháscairí Sóisialta agus Eacnamaíocha don iascach agus don dobharshaothrú.

Ionad Sonraí Bia Mara

De réir mar a tháinig fás ar an méid sonraí eacnamaíocha a bailíodh, chuir BIM tús le forbairt stór aonair sonraí chun tacú le tuairisciú éigeantach faoin DC-MAP. Cabhróidh an stór seo le BIM freisin faisnéis a thagann ó na sonraí sin a cheistiú agus a scaipeadh ar ais chuig an tionscal bia mara. Tugadh an chéad chéim den tionscadal seo chun críche in 2019 agus gineadh sonraíocht tionscadail ag teastáil chun bogearraí a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcóras nua an Chreata um Bailiú Sonraí (DCF). Críochnófar forbairt agus daonra leis an Ionad Sonraí in 2020.

An Tuarascáil The Business of Seafood

I mí an Mhárta 2019, d'fhoilsigh BIM a léargas bliantúil ar earnáil bia mara na hÉireann, an tuarascáil The Business of Seafood. San fhoilseachán sin, ina n-úsáidtear na sonraí a bailíodh faoin DC-MAP chomh maith le sonraí trádála a tógadh ó KANTAR agus ón bPríomh-Oifig Staidrimh, tugtar achoimre ar na príomhstaitisticí eacnamaíocha agus táscairí d'earnáil bia mara na hÉireann thar roinnt réimsí, lena n-áirítear táirgeadh, fostaíocht, agus luach thionscal na bia mara do gheilleagar na hÉireann i gcoitinne. Léirigh an tuarascáil The Business of Seafood don bhliain 2019 go raibh an earnáil athléimneach go fóill, rud a chuireann leis na dúshláin eacnamaíocha dhomhanda níos fairsinge a bhaineann leis an mBreatimeacht agus le luaineacht i margaí trádála an domhain.

Tionchar na hEarnála Bia Mara ag Príomhchalafoirt na hÉireann

Ag aithint di a thábhachtaí atá earnáil an bhia mara mar phríomhspreagadh geilleagar tuaithe timpeall chósta na hÉireann, chuir BIM mórstaidéar i gcrích maidir le tábhacht eacnamaíoch na hearnála bia mara go náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil araon. Lean an staidéar seo ón tuarascáil The Business of Seafood agus d'sholáthair sé sin measúnú níos doimhne ar thábhacht eacnamaíoch na hearnála bia mara. Leagadh béim ann ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an earnáil mar ancaire go réigiúnach, agus ar fhorbair earnálacha seirbhísí tacaíochta eile le himeacht ama.

Rinneadh meastóireacht sa staidéar ar thionchar eacnamaíoch na hearnála bia mara ag deich gcinn de na calafoirt is mó in Éirinn, ó Bhinn Éadair – an ceann is mó de na geilleagair chalafoirt seo anuas go Halla an Aontais. Tá leibhéil shuntasacha ghníomhaíochta dobharshaothraithe agus próiseála éisc a ghabhtar sna limistéir sin (35% agus 45% faoi seach) agus déantar trí cheathrú de mhéid agus de luach chabhlaigh na hÉireann a thabhairt i dtír sna calafoirt sin.

Déantar tionchar eacnamaíoch earnáil an bhia mara ar ghníomhaíocht dhíreach, indíreach agus spreagtha na hearnála ar fud chósta na hÉireann a mheas sa staidéar. Léiríodh san anailís go bhfuil 8,445 post lánaimseartha coibhéiseach sna deich gcalafort a ndearnadh staidéar orthu, ag íoc €267 milliún de i bpá agus tuarastail, agus caitear cuid mhór díobh go háitiúil ar earraí agus ar sheirbhísí. Cuireann gníomhaíocht a bhaineann le bia mara sna calafoirt sin €646 milliún le OTI na hÉireann agus gintear €56 milliún i gcánacha don Státchiste gach bliain.

Staidéar maidir leis an bhFlít

Chomh maith leis an staidéar ar chalafoirt, chuir BIM tús freisin le hanailís ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus theicniúil chabhlach iascaireachta na hÉireann. Tá athrú suntasach tagtha ar chabhlach na hÉireann le scór bliain anuas. Sa bhreis ar bhearta athstruchtúrúcháin (i.e. cláir nua tógála agus scéimeanna díchoimisiúnaithe), bhí buaiceanna agus trachanna ann i bpraghas breosla, i ndeiseanna iascaireachta athraitheacha agus brú méadaithe ó na margaí chun bia mara ardcháilíochta comhsheasmhach a chur ar fáil. Bhí sé mar aidhm ag an staidéar seo a fháil amach conas a oiriúnaíodh an cabhlach chun éifeachtúlacht agus brabúsacht a choinneáil agus conas is féidir leis dul in oiriúint do dhúshláin amach anseo agus freagairt dóibh.

Sa staidéar, tarraingítear le chéile faisnéis eacnamaíoch atá ann cheana agus a bailíodh mar chuid den DC-MAP agus cabhair deontais arna maoiniú faoin CEMI le sonraí mionsonraithe teicniúla agus oibríochtúla soithigh. Tá sé mar aidhm aige tuiscint níos doimhne a sholáthar ar staid reatha an chabhlaigh agus ar a chumas dul in oiriúint do na dúshláin atá amach romhainn amhail an t-athrú aeráide, rialacháin nua, athruithe a d'fhéadfadh a bheith sa mhargadh agus méaduithe ar phraghsanna breosla agus ar rátaí úis. Tá sé le cur i gcrích in 2020.

Scaipeadh Faisnéise Iascaigh

In éineacht le staidéir shonracha a coimisiúnaíodh le linn 2019, d'fhorbair BIM raon uirlisí freisin chun rochtain níos fearr a thabhairt don tionscal ar shonraí agus ar fhaisnéis. Orthu sin bhí forbairt na ndeiseanna idirghníomhacha, treoracha soláimhsithe, tuarascálacha rialta agus nótaí faisnéise.

Is é príomhchuspóir na n-uirlisí scaipthe sin faisnéis fhíor-ama, deighilte, anailísithe a sholáthar. Tá an léargas sin ceaptha chun cabhrú le hearnáil an bhia mara i réimsí amhail praghsáil, feidhmíocht ghnó agus tuiscint ar reachtaíocht.

Ba é an chéad cheann de na huirlisí léargais seo, a forbraíodh i rith 2019, ná Aip Ghréasáin Bhainistíochta Iascaigh a chur ar fáil ina bhfuil cur síos ar reachtaíocht iascaigh Eorpach agus náisiúnta a bhaineann le hiascairí na hÉireann. Comhlánaíonn an aip seo an Chairt Bhainistíochta Iascaigh ar pháipéar BIM a foilsíodh go bliantúil ó 2006 i leith. Cuireann sé treoir idirghníomhach ar fáil d'earnáil an bhia mara maidir le reachtaíocht iascaigh, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le cuótaí, trealamh iascaireachta, srianta ar limistéir iascaireachta agus ar íosmhéideanna éisc.

Ina theannta sin, lean BIM de sheirbhís faisnéise atá saincheaptha, neamhspleách agus neodrach a chur ar fáil go seachtrach don earnáil bia mara agus go hinmheánach laistigh de BIM. Bailítear faisnéis ar fhorbairtí polaitiúla agus reachtacha a bhaineann le beartas iascaigh AE agus idirnáisiúnta, leis an mBeartas Muirí Comhtháite (BMC) agus le beartais chomhshaoil, a dhíríonn go príomha ar shaincheisteanna a bhaineann le cúrsaí mara agus iascaigh. Tá an fhaisnéis a bhailítear ábhartha maidir leis na hearnálacha gabhála agus dobharshaothraithe chun eolas a thabhairt faoi thograí agus reachtaíocht a achtú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a n-oibríochtaí.

Grúpaí Tionsclaíochta

Chomh maith leis na gníomhaíochtaí bailithe sonraí agus scaipthe sonraí a leagtar amach, tá dhá ghrúpa geallsealbhóirí ann a thagann faoin gcolún iomaíochais. Is iad seo an Grúpa Náisiúnta Forbartha Iascairí (NFDG) agus Grúpa Pacálaithe Oisrí na hÉireann.

Bunaíodh an NFDG in 2017 agus ceadaíonn sé dea-chleachtas agus scaipeadh eolas maidir le saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar oibriú soithí iascaireachta ó lá go lá mar ghnólachtaí. Cuimsíonn sé iascairí ó gach earnáil de chabhlach na hÉireann agus cuireann sé ardán ar fáil le haghaidh comhphlé i measc iascairí gníomhacha. Éascaíonn BIM NFDG trí thacaíocht theicniúil agus airgeadais a sholáthar.

I rith 2019, dhírigh an NFDG ar raon saincheisteanna. Áirítear orthu sin earcaíocht, coinneáil agus oiliúint foirne, a mheastar a bheith ar cheann de na saincheisteanna is suntasaí a bhfuil tionchar acu ar inmharthanacht eacnamaíoch an tionscail faoi láthair. Phléigh an NFDG freisin bearta chun feabhas a chur ar dhálaí oibre agus fostaíochta don chriú (e.g. pá agus cánachas, soláthar árachais sláinte) chomh maith le páirt a ghlacadh i ngrúpa stiúrtha straitéis oiliúna BIM chun ionchur a sholáthar maidir le riachtanais oiliúna don earnáil gabhála.

Bhuail an Grúpa le hOifig na Suirbhéireachta Muirí (MSO) roinnt uaireanta le linn 2019 chun plé a dhéanamh ar na ceanglais maidir le tuairisciú Ama Oibre ar bord soithí iascaireachta. Tá an méid sin tagtha chun cinn mar shaincheist mhór d'iascairí agus mura dtugtar aghaidh orthu, tá bagairt ar a n-inmharthanacht leanúnach toisc go bhféadfadh sé dul in olcas mar gheall ar an nganntanas foirne atá ag fulaingt.

Ar na hábhair eile a pléadh le linn 2019, bhí cruinnithe leis an SFPA maidir le reachtaíocht maidir le bearta teicniúla i ndáil le trealamh iascaireachta a úsáid. Bhí comhaltaí an Ghrúpa rannpháirteach freisin i dtriail a dhéanamh ar an aip um Bainistiú Iascaigh a d'fhorbair BIM.

Tá grúpa táirgeoirí oisrí tugtha le chéile ag BIM, agus iad go léir ag pacáil agus ag onnmhairiú oisrí na hÉireann. Tá na táirgeoirí seo deimhnithe don chlár Tionscnamh *Origin Green* de chuid Bhord Bia agus tá siad ag obair le chéile le trí bliana anuas mar ghrúpa neamhfhoirmiúil tionscail. Tá glactha acu anois leis an ainm *'Grúpa Pacálaithe Oisrí na hÉireann'*agus tá sé i gceist acu leanúint ar aghaidh agus cur leis an gcomhar eatarthu, de bharr go bhfuil sé sin an-luachmhar dóibh.

Feidhmíonn BIM mar rúnaíocht don ghrúpa agus cuidíonn sé lena ghníomhaíochtaí agus a riachtanais a chomhordú le heagraíochtaí Stáit eile a bhaineann le trádáil onnmhairithe oisrí, ar nós Bord Bia, SFPA, FSAI agus Foras na Mara. Malartaíonn an grúpa, trí chruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, príomhfhaisnéis theicniúil agus trádála. D'éirigh go maith leis na cuideachtaí seo i margaí na hÁise, arb ionann iad anois agus an ceathrú cuid d'easpórtálacha oisrí na hÉireann. Chruinnigh an grúpa le chéile ceithre huaire in 2019.

An scéim um Dhobharshaothrú Cáilíochta Deimhnithe (CQA) BIM á áithint go foirmiúil ag an Tionscnamh Domhanda um Bia Mara Inbhuanaithe (GSSI), Dún Laoghaire, Feabhra 2019.

Rialachas Corparáideach

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016), tá sraith beartas agus nósanna imeachta ag BIM lena chinntiú go bhfuil cultúr láidir Rialachais Chorparáidigh i bhfeidhm agus go gcloítear leis ar fud na gníomhaireachta.

Forbraíodh beartais agus nósanna imeachta chun cabhrú le héifeachtúlacht a fheabhsú agus le hoscailteacht agus trédhearcacht a fheabhsú. Tugann rialachas corparáideach láidir éifeachtach treoir don eagraíocht maidir le gnó an Bhoird, pleanáil straitéiseach, próisis oibríochtúla, bainistíocht riosca, rialú airgeadais, agus caighdeáin iompraíochta. Le linn 2019, d'áirithigh BIM agus lean sé de bheith ag comhlíonadh an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

An Bord

Áirítear ar phríomhfheidhmeanna an Bhoird athbhreithniú a dhéanamh ar threo straitéiseach agus pleananna móra gníomhaíochta, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó; cuspóirí feidhmíochta a shocrú; faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise agus na bpleananna gnó; agus maoirseacht a dhéanamh ar chinntí móra ioncaim agus caiteachais chaipitiúil agus ar chinntí infheistíochta. Tá sceideal foirmiúil d'ábhair áirithe curtha in áirithe ag an mBord lena mbreithniú. Cuireann an Bord tús le gach cruinniú le seisiún príobháideach nach mbíonn aon bhall den Fheidhmeannas i láthair ann.

Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca lánfheidhmiúil ag BIM a thug faoi na hiniúchtaí seo a leanas i rith 2019: rialuithe inmheánacha, athbhreithniú ar chánacha, KPInna straitéiseacha, samhail aibíochta don bhainistíocht airgeadais agus athbhreithniú ar luach an airgid a caitheadh ar na Gradaim Náisiúnta Bhia Mara 2018. Le linn 2019, chríochnaigh ARC athbhreithniú ar a éifeachtacht agus tá sé beartaithe aici athbhreithniú neamhspleách a chur i gcrích in 2020.

Bhí na ráitis airgeadais, de réir mar a d'fhaomh Coiste Iniúchta an Bhoird agus an Bord iad faoi réir ag iniúchadh ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tionóladh sé chruinniú de chuid ARC in 2019. Tá ról neamhspleách ag ARC maidir le dearbhú a thabhairt don Bhord maidir le rialú inmheánach, bainistíocht riosca, iniúchóireacht, agus dearbhú, mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais BIM. Feidhmíonn ARC faoi chairt chomhaontaithe agus ullmhaíonn sí tuarascáil fhoirmiúil bhliantúil don Bhord.

Líon na gcruinnithe:	Sé
Cathaoirleach:	Lisa Vaughan
Ballraíocht:	An tUas. Kieran Calnan, An tUas. Seán O'Donoghue, An tUas. Gearóid Breathnach, An tUas. Stephen McGovern (a ceapadh i Meitheamh 2019)

An Coiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair

Ceaptar an Coiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair mar fhochoiste neamhspleách den Bhord chun bainistiú a dhéanamh ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó ar phróiseas earcaíochta na bainistíochta sinsearaí. De réir mar is gá, comhaontaíonn an Coiste luach saothair le Ranna Rialtais, forbraíonn sé cur síos an phoist, sainaithníonn sé na hinniúlachtaí ábhartha agus an phróifíl iarrthóra idéalaigh don phost, aontaíonn sé leis an bpróiseas earcaíochta agus cuardaigh, agus socraíonn sé clár ama ar leith.

Tiocfaidh an Coiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair le chéile de réir mar a cheanglóidh an Bord. Níor reáchtáladh aon chruinnithe le linn 2019.

Cathaoirleach:	Kieran Calnan
Ballraíocht:	An tOllamh Damien McLoughlin

Fógraí Reachtúla agus Fógraí Eile

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

De réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, ceanglaítear ar chomhaltaí Bhord, ar Choiste Iniúchta agus ar Choiste Riosca BIM agus ar bhaill foirne feidhmiúcháin ainmnithe dearbhú leasanna a chur isteach go bliantúil. Cuireann BIM iad sin faoi bhráid an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus/nó an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta in 2019.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Is beartas BIM é a chinntiú go ndéantar gach íocaíocht go pras. Tá gach iarracht á déanamh, i gcomhréir leis na nósanna imeachta cuí airgeadais, chun a áirithiú go n-íocfar gach soláthróir laistigh den tréimhse ama a éilítear, i gcomhréir leis an dea-chleachtas. Foilsítear tuarascálacha ráithiúla maidir leis an gcomhlíonadh ar shuíomh gréasáin BIM.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Dearbhaítear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 an ceart atá ag daoine den phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil a mhéid is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta atá ag daoine aonair. Comhlíonann BIM an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus le linn 2019, fuarthas sé iarratas um Shaoráil Faisnéise a bhain le réimsí amhail CEMI, GDPR, idirbhearta Airgeadra Eachtraigh agus Dobharshaothrú.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007

Tugann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 (I.R. Uimh. 133, 2007) cearta dlíthiúla dóibh siúd atá ag lorg rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ó údaráis phoiblí. I rith 2019, bhí dhá iarratas faoi Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an reachtaíocht Chomhshaoil i réimse na gceadúnas imeall trá agus éisc níos glaine.

Cairt do Chustaiméirí

D'fhoilsigh BIM Cairt do Chustaiméirí ina shonraítear a thiomantas iomlán seirbhís éifeachtach, thráthúil, ghairmiúil agus chúirtéiseach a chur ar fáil do chustaiméirí. Leagtar amach sa Chairt na caighdeáin seirbhíse ar féidir le custaiméirí a bheith ag súil leo ón Údarás.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/679

Le linn 2018, rinne BIM measúnú ar thionchar an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) d'fhonn na gníomhaíochtaí a bhí riachtanach a shainaithint agus tús a chur le cur chun feidhme an bhirt a bhí riachtanach chun comhlíonadh a áirithiú. Leanadh leis an obair sin i 2019 agus fuair gach fostaí an oiliúint riachtanach agus ár gcomhlíonadh sa réimse seo á fheabhsú i gcónaí.

Seirbhísí Infheistíochta – Scéimeanna Deontais Sheachtraigh don Tionscal

Tacaíonn an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) le Clár Oibriúcháin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) arb é is aidhm dó príomhthosaíochtaí náisiúnta forbartha a bhaint amach. Riarann BIM ceithre Scéim Deontais CEMI faoi láthair. Tá na gnéithe den chlár oibre inmheánach BIM a fhaigheann tacaíocht ó mhaoiniú CEMI sonraithe i gcorp na tuarascála seo, anseo tugtar mionsonraí maidir leis na tionscadail (sheachtracha) de chuid thionscal an bhia mara a mhaoinítear faoi na scéimeanna.

Tá an **Scéim Iascaigh Inbhuanaithe** roinnte i dtrí fhoscéim (A, B agus C) mar seo a leanas:

Cuid A – Tionscadail Phoiblí

Cuirtear chun feidhme iad seo mar chuid de chláir oibre inmheánacha BIM agus déileáiltear leo i míreanna eile na tuarascála.

Cuid B – Infheistíochtaí ar Bord

Tacaíonn an scéim seo le hinfheistíocht chaipitil ar bord i Soithí Iascaireachta Mara (MFVanna). In 2019, tugadh tacaíocht do 122 tionscadal faoi Chuid B le cúnamh poiblí de €2.9 milliún. Ar na tionscadail a fuair tacaíocht in 2019 bhí:

- Fearas roghnaitheach.
- Trealamh chun sláinteachas, sláinte agus dálaí oibre ar bord a fheabhsú.
- Trealamh chun éifeachtúlacht breosla a fheabhsú.
- Trealamh faireacháin trealaimh agus trealamh iascaireachta atá éifeachtúil ó thaobh breosla de.
- Infheistíochtaí a fheabhsaíonn cáilíocht éisc agus a chuireann luach le táirgí iascaigh.
- Athchur inneall.

Bhí an t-éileamh ar an scéim seo an-láidir in 2019. Cé gur cuireadh 122 tionscadal i gcrích agus gur íocadh iad, ceadaíodh 98 tionscadal eile do dheontais dar luach níos mó ná €3.2 milliún san iomlán.

Cuid C – Cáilíocht agus Breisluach a chur chun cinn ar tír

In 2019, fuair trí thionscadal cabhair phoiblí €1.2 milliún bunaithe ar chaiteachas incháilithe de thart ar €1.9 milliún. Ba iad na tionscadail sin tionscadail feabhsaithe bonneagair ar tír a bhfuil sé mar aidhm acu cabhrú le hiascairí na dúshláin a bhaineann leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a shárú. Áirítear ar phríomheilimintí na dtionscadal saoráidí fuarstórála agus trealamh láimhseála gaolmhar a chur ar fáil i ndáil le gabhálacha de thaisme.

Scéim na nIascairí Nua

Cuireadh 11 tionscadal i gcrích i rith 2019 faoi Scéim na nIascairí Nua le cúnamh poiblí de €0.5 milliún. Bhí suim fheabhsaithe sa scéim i rith na bliana agus, anuas ar na tionscadail a cuireadh i gcrích agus a íocadh, ceadaíodh trí thionscadal eile lena gcur i gcrích le linn 2020.

Scéim Forbartha Ceantair Áitiúil na nIascach

Tá seacht mbord FLAG bunaithe faoin Scéim Forbartha Áitiúla Iascaigh chun maoirseacht a dhéanamh ar na tionscadail sna ceantair réigiúnacha. Rinne an scéim FLAG íocaíochtaí dar luach €2.7 milliún le 229 thionscadal. Ar na gnéithe de na tionscadail FLAG a cuireadh chun feidhme in 2019 bhí na cinn seo a leanas:

- Infheistíochtaí caipitiúla i micrifhiontair bia mara.
- Turasóireacht mhara agus tionscadail fóillíochta mara.
- Tionscadail Oidhreachta.
- Saoráidí beaga cuain agus tionscadail chomhshaoil.
- Tionscadail chomhshaoil agus oiliúna.

Scéim Chaomhnaithe Iascaigh Intíre

Tríd an Scéim Chaomhnaithe Iascaigh Chladaigh tacaíodh le cúig thionscadal thionscaltreoraithe a bhain le saoráidí cuisniúcháin ar tír mór le cúnamh deontais de €0.025 milliún agus tugadh tacaíocht €0.2 milliún do 61 tionscadal breise a bhain le heangúchán gliomach.

Scéim Nuála Bia Mara agus Pleanála Gnó

Cuireann an scéim seo nuálaíocht nua agus forbairt táirgí nua chun cinn. Tugadh tacaíocht do naoi dtionscadal a bhain le forbairt táirgí nua agus éifeachtúlacht próisis faoin scéim seo.

Seirbhísí Infheistíochta – Scéimeanna Deontais Sheachtraigh don Tionscal (ar lean)

An Scéim um Scálú Bia Mara agus Forbairt Mhargaí Nua

Tugadh tacaíocht le linn na bliana 2019 do dhá thionscadal tionscaltreoraithe arb ionann í agus €0.2 milliún de dheontais CEMI, rud a rinne infheistíocht iomlán de €0.3 milliún a ghiaráil ag ráta deontais caoga faoin gcéad. Bhí comhthionscamh i gceist leis an dá thionscadal, ina raibh trí ghnóthas próiseála neamhghaolmhara, a chuimsigh le chéile chun infheistíocht a dhéanamh i gcostais mhargaíochta chun margaí a fhorbairt san Áise, lena n-áirítear seirbhísí comhairleora áitiúla laistigh den mhargadh a choinneáil.

Scéim Infheistíochta Caipitil Phróiseáil Bia Mara

In 2019, chuir 17 gcomhlacht bia mara 21 tionscadal infheistíochta i gcomhair bia mara chun feidhme agus tugadh tacaíocht dóibh le cúnamh poiblí de €2.5 milliún, rud a rinne infheistíocht thart ar €10 milliún a ghiaráil in earnáil na próiseála bia mara. Tacaíonn an scéim le hinfheistíocht chaipitil ó phróiseálaithe bia mara agus é mar chuspóir aici luach a chur leis, éifeachtúlacht a mhéadú agus an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú. Bhain na tionscadail sin le próiseáil éisc bhána, bradáin úra, sliogéisc de ghnáth agus bhí caiteachas ar threalamh próiseála bia mara úrscothach, lena n-áirítear línte filléadaithe, deighilte éisc agus pacála, ag gabháil leo.

An Scileanna agus Oiliúna Bia Mara

Cuireann an scéim seo cúnamh deontais ar fáil do dhaoine a bhfuil baint acu le tionscal an bhia mara in Éirinn chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí oiliúna sainithe. In 2019, ceadaíodh agus íocadh airgead amach i gcomhair 65 iarratas. Bhain na tionscadail sin leas as cúnamh deontais dar luach €0.1 milliún.

Scéim Eagraíochta Táirgeora

In 2019, tugadh tacaíocht do thionscadal le cúnamh poiblí de €0.4 milliún. Fuarthas éilimh ó Eagraíochtaí Táirgeoirí maidir le caiteachas a tabhaíodh agus incháilithe faoin scéim. Bhí meascán de chabhair uasta uasteorann ar ráta cabhrach deontais suas le 65% i gceist leis na rátaí cabhrach deontais. Bhain an caiteachas le costais foirne dhíreacha, agus gnáthchostais eile a bhaineann le comhairleoirí a fhostú chun cabhrú le hullmhú na bPleananna Margaíochta agus na dTuarascálacha Gníomhaíochta. Is é a bhí i gceist go príomha le hítimí caipitil ná bogearraí agus trealamh ríomhaireachta a uasghrádú.

Scéim um Fhorbairt Dobharshaothraithe Inbhuanaithe

Tacaíonn an Scéim um Fhorbairt Dobharshaothraithe Inbhuanaithe le hacmhainneacht agus scála a fhorbairt i dtáirgeadh agus le hiontrálaithe nua san earnáil. Cuireann sí cleachtais agus deimhniú dobharshaothraithe orgánaigh chun cinn chomh maith agus cuirtear cabhair ar fáil do tháirgeoirí sliogéisc atá thíos le heachtraí móra biththocsaine faoin scéim seo freisin.

Le linn 2019, tacaíodh le 31 tionscadal faoin Scéim Forbartha Dobharshaothraithe Inbhuanaithe agus cuireadh an infheistíocht iomlán i bhfeidhm arb ionann é agus €5.5 milliún ar ar íocadh cúnamh deontais €2.2 milliún. Bhain na tionscadail a fuair tacaíocht le forbairt acmhainneachta tógála san earnáil dobharshaothraithe agus bhí baint ag líon beag tionscadal le deimhniú dobharshaothraithe orgánaigh.

An Scéim um Thairseach Eolais

Is é is cuspóir do Scéim na Tairsí Eolais ná eolas, nuálaíocht agus teicneolaíocht a chur chun cinn le béim ar thaighde, ar fhorbairt speiceas nua, ar ghalair a bhainistiú, ar chomhairleach maidir le pleanáil ghnó, ar oiliúint, ar líonrú agus ar aistriú eolais. Tugadh tacaíocht d'aon tionscadal taighde déag ón earnáil dobharshaothraithe agus ó institiúidí taighde faoi Scéim na Tairsí Eolais agus cuireadh an infheistíocht iomlán i bhfeidhm arb ionann í agus beagán faoi bhun €1 milliún ar ar íocadh cúnamh deontais de bhreis agus €0.9 milliún. Áiríodh ar na tionscadail sin taighde sna réimsí seo a leanas:

- Tréithriú struchtúrach agus feidhmiúil comhdhúile bithghníomhacha ardluacha ó Alaria esculenta saothraithe i bhfadlínte i mBá Bheanntraí.
- Vacsaín uathrialaitheach éisc eite a fhorbairt.
- A indéanta atá sé táirgeadh diúilicíní na hÉireann a mhéadú trí láithreáin amach ón gcósta a fhorbairt agus córais nuálacha cultúir á n-úsáid.
- Cóireálacha teirmeacha a thástáil maidir le lís farraige a bhaint ó bhradáin Atlantacha.

Scéim Forbartha Acmhainní Bia Mara

Tacaíodh le hocht dtionscadal sheachtracha faoin Scéim um Fhorbairt Acmhainní Bia Mara le cúnamh deontais €0.7 milliún. Bhí dhá thionscadal ann don 'leas poiblí' faoi stiúir comhlachtaí poiblí agus, mar sin, maoiníodh 100% díobh. Bhain na tionscadail le reáchtáil 'Lá Muirí na hEorpa' agus 'Seafest'. €0.4 milliún agus €0.3 milliún faoi seach a bhí sna cabhracha deontais sin thuas. An chothromaíocht idir sé thionscadal a chuirtear ar fáil d'eintitis incháilithe chun freastal ar imeachtaí líonraithe.

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

An Bord Iascaigh Mhara

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019, mar a theastaíonn faoi fhorálacha alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. I measc na ráiteas airgeadais tá

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar shreabhaidh airgeadais agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar acmhainní, dhliteanais agus staid airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara ag 31 Nollaig 2018 agus a ioncam agus chaiteachas faoi réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais ábhartha sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.*

Bunús Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais faoi réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (ISAanna), faoi mar a mholann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo dhualgais faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Feidhmíonn go neamhspleách ó An Bord Iascaigh Mhara agus chomhlíon mé mo dhualgais eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuarascáil ar eolas seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir An Bord Iascaigh Mhara eolas ar leith eile i láthair leis na ráitis airgeadais. Ina measc, tá an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar mo dhualgais tuairisciú a dhéanamh ar an eolas seo, agus ar nithe ar leith eile a thuairiscím orthu mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis seo.

Andrew Harkness
Ar son agus thar ceann
An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
16 Samhain 2020

Aguisín leis an tuarascáil

Dualgais Chomhaltaí an Bhoird

Leagann an ráiteas rialachais agus tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird amach dualgais Chomhaltaí an Bhoird. Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 9 den Chéad Sceideal d'Acht Iascaigh Mhara 1952, ag déanamh cinnte go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir faoi réir FRS102.
- rialtacht idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh an bhfuil úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh i leith na cuntasaíochta oiriúnach nó nach bhfuil, agus
- an méid rialaithe inmheánach is a mheasann siad a theastaíonn d'fhonn ullmhú na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, saor ó mhíthuairisciú ábharach, bíodh sé de thoradh calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá dualgas orm, faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais An Bhoird Iascaigh Mhara agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh seo á chur i gcrích agam dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíthuairisc ábharach de thoradh calaoise nó earráide nó nach bhfuil. Is éard is dearbhú réasúnta ann ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht, go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna míthuairisc ábharach nuair atá ceann ann. Is féidir le míthuairiscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábharach má, ina n-aonar nó trí chéile, is féidir leo tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil tríd an iniúchadh. Agus é seo á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus measaim na rioscaí a bhaineann le míthuairisc ábharach na ráiteas airgeadais, bíodh sé de thoradh calaoise nó earráide; dearaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchaidh freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchaidh atá dóthanach agus cuí le tacú le bunús mo thuairime. Tá an riosca a bhaineann le míthuairisc ábharach a thagann ó chalaois agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuairisc a thagann ó earráid, mar is féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí, nó sárú ar smacht inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar smacht inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchaidh a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht smachtanna inmheánacha.
- Déanaim oiriúnacht na bpolasaí cuntasaíochta agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtadh gaolmhara a úsáidtear a mheas.
- Cinnim ar oiriúnacht úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchaidh a bhfuarthas, an bhfuil ann do neamhchinnteacht ábharach bainteach le tarlaithe nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird Iascaigh Mhara leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach nó nach bhfuil. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábharach ann, caithfidh mé na nochtaidh a bhaineann léi sna ráitis airgeadais a léiriú i mo thuarascáil iniúchaidh nó, má tá na nochtaidh sin uireasacha, mo thuairim a athrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar fhianaise iniúchaidh a fuarthas suas le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh tarlaithe nó cúinsí amach anseo, áfach, cur ar an mBord Iascaigh Mhara scoir de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar léiriú, struchtúr agus inneachar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaidh, agus an léiríonn na ráitis airgeadais idirbhearta bunúsacha agus imeachtaí ar bhealach a léiríonn léiriú cothrom nó nach léiríonn.

Déanaim teagmháil leis na daoine atá faoi chúram rialachais maidir le, i measc rudaí eile, raon feidhme agus uainiú an iniúchaidh agus torthaí suntasacha an iniúchaidh, lena n-áirítear easpaí suntasacha i smacht inmheánach a aithním le linn m'iniúchaidh.

Eolas seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím aon chonclúid gealltanais orthu.

Mar aon le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá dualgas orm faoi na ISAanna an t-eolas eile a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, machnamh a dhéanamh an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó eolas a fuarthas le linn an iniúchaidh nó eolas atá míchruinn go hábhartha. Má chinnim, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míthuairisc ábhartha ar an eolas eile seo, caithfidh mé an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh ag déanamh tagartha do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn iniúchaidh. Tuairiscím má tá aon chás ábhartha nuair nár baineadh úsáid as airgead poiblí mar a bhí leagtha síos dó, nó nach raibh na bearta ag teacht leis na húdaráis atá á rialú.

Tuairiscím freisin go heisceachtúil, muna bhfuil, i mo thuairim,

- an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh faighte agam, nó
- na taifid chuntasaíochta sásúil le go bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go héasca agus i gceart, nó
- na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

Ráitis Airgeadais

Ráiteas Rialála agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	42
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	46
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	49
Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach	50
Ráiteas maidir le Staid Airgeadais	51
Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid	52
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	53

Ráiteas Rialála agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Rialú

Bunaíodh Bord BIM faoin Acht Iascaigh Mhara 1952. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i gcuid 15 den Acht sin. Tá an Bord freagrach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá an Bord freagrach as dea-rialú a chinntiú agus comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh i dtaobh phríomhcheisteanna gnó. Is í freagracht an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin agus an bhainistíocht shinsearach BIM a bhainistiú, a rialú agus a threorú ó lá go lá. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann bainistíochta shinsearach an treoir straitéiseach ginearálta atá leagtha síos ag an mbord a leanúint, agus ní mór dó cinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir de na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eagraíocht aige, agus d'aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a theacht aníos. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar theagmháil dhíreach idir an Bhord agus bainistíocht BIM.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chomhaontas um Sheachadadh Feidhmíochta agus Mhaoirseachta, a chuimsíonn freisin na hábhair a dhéanann an Bord cinneadh fúthu amháin. Cuid de na nithe seasta a mheasann an Bord ná:

- dearbhú leasanna,
- tuairiscí ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí feidhmíochta, agus
- ábhair forchoimeádta.

De réir Chuid 15 den Acht Iascaigh Mhara 1952, tá sé de cheanglas ar Bhord BIM na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád faoi airgead a fuair sé nó a chaith i cibé foirm is cuí leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mar le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus é ag ullmhú na ráitis airgeadais seo, tá sé de cheanglas ar Bhord BIM:

- polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé neamhchuí a cheapadh go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- a mhaíomh an é gur leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha atá nochtaithe nó mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais Bhord Iascaigh Mhara agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis na ceanglais reachtúla a leagtar amach i gCuid 9 den chéad sceideal san Acht Iascaigh Mhara 1952. Is í freagracht an Bhoird cothabháil agus iontaofacht an eolais chorparáidigh agus airgeadais atá foilsithe ar shuíomh gréasáin BIM a chinntiú.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh meastachán d'fheidhmíocht BIM a dhéanamh ag tagairt don phlean agus don bhuiséad bliantúil.

Tá an Bord freagrach freisin as cosaint a shócmhainní agus mar sin as bearta réasúnta a ghlacadh do chosc agus brath calaoise agus neamhréireachtaí eile.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais BIM léargas fíor agus cothrom d'fheidhmíocht airgeadais agus de staid airgeadais BIM ar an 31 Nollaig 2019.

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus cúigear gnáthchomhaltaí ar an mBord, iad ar fad ceaptha ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse trí bliana agus cruinníonn siad le chéile go míosúil. Tugann an tábla thíos sonraí faoi thréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceapacháin
Kieran Calnan	An Cathaoirleach	13 Meitheamh 2018
Lisa Vaughan	Stiúrthóir	19 Meitheamh 2019
William Deasy	Stiúrthóir	26 Iúil 2017
Raymond Harty	Stiúrthóir	26 Iúil 2017 (resigned 2019)
Damien McLoughlin	Stiúrthóir	26 Iúil 2017
Seán O'Donoghue	Stiúrthóir	26 Iúil 2017

Bhunaigh an Bord trí choiste, mar seo a leanas:

Tá triúr comhaltaí boird agus beirt chomhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca: Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC) tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí a bhaineann le rialáil rioscaí agus rialú agus ráthaíochtaíaí gaolmhara. Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Ach go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaí lena n-áirítear na gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca don Bhord tar éis gach cruinniú, agus go foirmeálta i scríbhinn uair sa bhliain.

Is iad comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ná:

- Lisa Vaughan (Cathaoirleach)
- Kieran Calnan
- Seán O'Donoghue
- Gearóid Breathnach
- Stephen McGovern (ceaptha Meitheamh 2019)

Chruinnigh an ARC le chéile 6 huaire in 2019.

	Bord	Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca	Táillí 2019 €'000	Speansais 2019 €'000
Kieran Calnan	11	6	-	4
Lisa Vaughan	11	6	8	1
William Deasy	11	-	8	5
Raymond Harty	6	-	5	2
Damien McLoughlin	7	-	-	-
Seán O'Donoghue	11	6	8	5
Gearóid Breathnach	-	6	-	-
Stephen McGovern (ceaptha Meitheamh 2019)	-	4	1	1
			30	**18**

Tharscaoil an Cathaoirleach, Kieran Calnan, a theidlíocht do tháille Boird a bhain lena cheapadh.

Bhí stiúrthóir amháin ann, Damien McLoughlin, nach bhfuair táille Boird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS).

Príomhathruithe Pearsanra

D'athcheap an tAire Lisa Vaughan le bheith ina stiúrthóir go ceann tréimhse eile trí bliana (19 Meitheamh 2019 go dtí 18 Meitheamh 2022).

D'éirigh Ray Harty as an mBord ar an 15 Lúnasa 2019.

Nochtaithe atá ina gCeanglais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go ndearna BIM ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)("an Cód") a chomhlíonadh, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir an Chóid, is gá na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

Mionsonrú ar Shochair Ghearthéarmacha Fostaithe

Aicmítear sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 i Nóta 9(c) de na Ráitis Airgeadais.

Costais Chomhairliúcháin

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní chuimsíonn sé feidhmeanna 'gnó mar is gnách'.

	2019 €'000	2018 €'000
Comhairle Dlí	157	80
Comhairle Airgeadais/Achtúireach	-	51
Acmhainní Daonna	-	87
Feabhsú Gnó	130	53
Eile	-	-
Costais Chomhairliúcháin Iomlán	287	271
Costais Chomhairliúcháin Chaipitlithe	-	-
Costais Chomhairliúcháin bainte as Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	287	271
Iomlán	**287**	**271**

Costais Dhlí agus Socruithe

Tugann an tábla thíos mionsonrú ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlí, socruithe agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí a dhéantar le tríú páirtithe. Ní chuimsíonn sé seo caiteachas a thabhtar maidir le comhairle dhlíthiúil ghinearálta a fuair BIM a nochtaítear sna costais chomhairliúcháin thuas.

	2019 €'000	2018 €'000
Táillí Dlí - Imeachtaí Dlíthiúla	-	-
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	-	-
Socruithe	-	-
Iomlán	**-**	**-**

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

	2019 €'000	2018 €'000
Intíre		
– Bord*	19	20
– Fostaithe	809	578
Idirnáisiúnta		
– Bord*	-	1
– Fostaithe	110	150
Iomlán	**938**	**749**

*lena n-áirítear taisteal agus cothabháil de €17,000 íoctha go díreach le comhaltaí boird in 2019 (2018: €15,000). Iarmhéid €2,000 (2018: €6,000) bainteach le caiteachas a d'íoc (eintiteas) thar ceann chomhaltaí boird.

Caiteachas ar Fháilteachas

Cuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas ar fháilteachas seo a leanas:

	2019 €	2018 €
Fáilteachas don Fhoireann	-	-
Fáilteachas do chliaint	-	-
Iomlán	-	-

Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh BIM leis an gCód a chinntiú. Rinne BIM riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) in 2019 a chomhlíonadh go hiomlán.

Kieran Calnan
An Cathaoirleach

4 Samhain 2020

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Scóip Freagrachta

Thar ceann BIM glacaim le freagracht an Bhoird chun a chinntiú go bhfuil córas rialú inmheánach éifeachtúil i bhfeidhm go leanúnach. Aithníonn an fhreagracht seo na ceanglais atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Is iad na príomhnósanna imeachta a bhunaigh comhaltaí boird ar mhaithe le rialú inmheánach éifeachtúil a chinntiú ná:

— Béim shoiléir ar chuspóirí gnó faoi mar a chinneann an Bord i bhfianaise na gceanglas reachtúil.

— Struchtúr sainithe eagraíochta ina bhfuil freagrachtaí leagtha amach go soiléir, tarmligean údaráis agus deighilt idir dualgais a fhéachann le timpeallacht chuí rialaithe a chruthú.

— Próiseas um bainistíocht rioscaí a dhéanann breithniú ar phleananna straitéiseacha agus gnó i gcomhthéacs phróiseas an bhuiséid bhliantúil tráth a leagtar amach agus a dhéantar athbhreithniú ar phleananna agus ar spriocanna airgeadais ag an mBord i bhfianaise na spriocanna cinntithe.

— Córas tuairiscithe agus rialaithe lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanann an Bord ar an mbuiséad bliantúil chomh maith le hathbhreithniú rialta a dhéanamh ar na torthaí féin i leith an bhuiséid.

— Nósanna imeachta um rialú - coinníonn an Bord lámhleabhair chuimsitheacha ar nósanna imeachta maidir lena phríomhghníomaíochtaí go léir. Is ann do theorainneacha agus do nósanna imeachta, go háirithe, atá sainmhínithe go soiléir do chaiteachas airgeadais, lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitil.

— Córais Mhonatóireachta - déantar monatóireacht ar nósanna imeachta um rialú leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh a oibríonn de réir an chreata i gcomhair feidhmithe dea-chleachtais mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016). Tugtar eolas i dtaobh obair an iniúchta inmheánaigh trí anailís ar an riosca a bhfuil BIM nochta dó. Tá an tuairisc ar rialú inmheánach do 2018 faighte ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca, agus tá tuairim an Iniúchóra Inmheánaí faoi leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaí sa tuairisc sin, agus cuireadh é seo os comhair an Bhoird. Tá an obair iniúchóireachta a rinne iniúchóirí seachtracha go bliantúil ar bhearta cúnamh deontais éagsúla curtha leis na córais iniúchóireachta agus monatóireachta inmheánaí mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht AE ar na bearta. I mí na Bealtaine 2017 d'fhaomh an Bord plean iniúchta inmheánaigh trí bliana faoi choinne na tréimhse idir mí an Mheithimh 2017 agus mí na Bealtaine 2020.

— Cuimsíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, a bhunaigh an Bord in 2009, de chomhaltaí boird neamh-fheidhmiúcháin agus comhalta seachtrach neamhspleách. Is Comhalta Boird eile seachas Cathaoirleach an Bhoird atá mar chathaoirleach air. Tá tuairiscí an Choiste um Iniúchóireacht & Measúnú Riosca don bhainistíocht, agus na hiniúchóirí seachtracha a dhéanann obair ar Bhearta Deontais AE, agus ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste in Litir Bhainistíochta nó i dtuairiscí eile mar bhun eolais ag monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird d'éifeachtúlacht an chórais rialála inmheánaí. Ar a bharr sin, choimisinigh an Bord, mar is cuí, athbhreithnithe neamhspleácha de na córais rialaithe inmheánacha ar leith san eagraíocht.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaí

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas iad a dhíbirt ar fad. Mar sin, is féidir leis an gcóras seo ráthaíocht réasúnta seachas absalóideach a thabhairt go gcosnófar sócmhainní, go dtabharfar údarás agus go ndéanfar taifead ceart d'idirbhearta agus go ndéanfar earráidí ábhartha nó neamhréireachtaí eile a chosc agus a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánach seo, atá ag teacht leis an teoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i BIM don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí dáta formheasta na ráiteas airgeadais.

Acmhainn Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca ag BIM ar a bhfuil triúr comhaltaí boird, duine amháin díobh atá ina Chathaoirleach agus BEIRT chomhaltaí seachtracha neamhspleácha, a bhfuil saintaithí airgeadais agus iniúchóireachta acu. Chruinnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca le chéile sé huaire in 2019.

Chuir an BIM feidhm iniúchóireachta inmheánach amach ar conradh, tá cistiú dóthanach aige agus comhlíonann sé clár oibre atá aontaithe leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca a leagan amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a thugann sonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne i leith riosca.

Rinneadh an polasaí a eisiúint leis an bhfoireann ar fad atá faoi cheanglas oibriú laistigh de pholasaithe bainistíochta riosca BIM, an bhainistíocht a chur ar an airdeall faoi rioscaí féidearthachta agus laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialaithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag BIM a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á úsáid chun déileáil leis na rioscaí seo, a oiread agus is féidir.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair BIM agus rinneadh iad seo a aithint, a mheas agus a aicmiú ag brath ar chomh suntasach agus atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca an clár a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta ar bhonn rathúil agus is mír seasta don bhord é. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistíocht ar riosca go dtí leibhéal atá inghlactha.

Tugann an clár riosca sonraí faoi na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus faoi fhreagrachtaí d'fheidhmiú rialaithe atá ag baill foirne ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- Rinneadh freagrachtaí airgeadais a dháileadh ag leibhéal na bainistíochta leis an gcuntasaíocht chuí,
- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil atá faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach,
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil faisnéise agus córais teicneolaíochta cumarsáide,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- Cinntíonn nósanna imeachta rialála do chistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha rialú leordhóthanach maidir le formheas deontais agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur cuireadh i bhfeidhm an cistiú deontais chun na críocha cearta.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta chun próisis rialaithe agus easpaí rialaithe a mhonatóiriú agus déantar iad seo a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíochtaí ceartaitheacha a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord, más iomchuí, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córáis mhonatóireachta leanúnacha seo i bhfeidhm:

- Rinneadh príomhrioscaí agus rialaithe gaolmhara a aithint agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialaithe sin agus aon easpaí aitheanta a thuairisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais tugtha, agus
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta den fheidhmíocht thráthrialta agus bhliantúil agus cuireann siad le chéile tuairiscí airgeadais a chuireann feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhfhaisnéis.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BIM chun comhlíonadh le rialacha agus treoracha soláthair reatha a chomhlíonadh agus gur chloígh BIM leis na nósanna imeachta seo in 2019. Comhlíonann BIM na rialacha soláthair reatha agus na treoirlínte atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BIM chun éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe a mhonatóiriú. Tá obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a mhaoirsíonn a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den BIM atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe airgeadais inmheánaí, tá siad mar bhun eolais ag mhonatóiriú agus athbhreithniú an BIM ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaí.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialaithe inmheánaí do 2019 in Eanáir 2020.

Fadhbanna Rialaithe Inmheánaí

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach in 2019 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Calaois Líomhnaithe in 2020:

Cuireadh BIM ar an eolas faoi aon chás amháin de chalaois líomhnaithe in 2020 maidir le híocaíocht soláthraí atá á himscrúdú faoi láthair ag an nGarda Síochána. Ní dhéanfar faisnéis maidir leis an teagmhas a rangú agus na himscrúduithe ar bun go fóill. Leanfaidh BIM de gach iarracht a dhéanamh cistí státchiste a athghabháil sa chás go bhféadfadh calaois nó mírialtachtaí a bheith i ndiaidh tarlú. Is ionann an luach measta agus thart ar €20,000.

Faomhadh an Bhoird

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca agus an Bord an ráiteas ar rialú inmheánach a athbhreithniú chun a chinntiú go bhfreagraíonn sé go huile agus go hiomlán leis na córais rialaithe a bhí i bhfeidhm i rith na tréimhse tuairiscithe.

Sínithe thar ceann BIM,

Kieran Calnan
Cathaoirleach

4 Samhain 2020

Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 €'000	2018 €'000
Ioncam			
Deontais an Oireachtais	3	38,195	31,134
Glanmhaoiniú Iarchurtha don Scor Oibleagáidí Sochair	19(c)	957	1,428
Glanaistriú go Cúlchiste Caipitil	15	(24)	222
		39,128	**32,784**
Deontais AE	4	294	894
Láimhdeachas na nGléasraí Oighir	5	516	572
Ioncam Eile	6	981	627
		41,919	**34,877**
Caiteachas			
Forbairt Reatha an AE	4	381	1,237
Forbairt Chaipitil Tionscail	7	12,271	11,210
Forbairt Reatha Tionscail	8(a)	18,064	17,508
Riarachán Reatha Tionscail	8(b)	5,017	4,618
Dímheas a Gearradh i Rith na Bliana	8(c)	1,192	1,595
Oibleagáidí Sochar Scoir	19(a)	3,093	3,325
Caiteachas ar Ghléasraí Oighir	5	772	1,005
		40,790	**40,498**
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		**129**	**(5,621)**
Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir		**(2,015)**	**3,606**
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh Amhail an 31 Nollaig		**(1,886)**	**(2,015)**

Baineann an t-ioncam agus caiteachas go léir don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha amhail an dáta tuairiscithe.

Tá Nótaí 1–22 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 15 Márta 2019 agus sínítear iad thar ceann:

Kieran Calnan
An Cathaoirleach

4 Samhain 2020

Jim O'Toole
Príomhfheidhmeannach

4 Samhain 2020

Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

	2019 €'000	2018 €'000
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain	129	(5,621)
Gnóthachain ó Thaithí ar Oibleagáidí Shochar Scoir	980	1,317
Athruithe ar Thoimhdí	(7,560)	2,635
Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha Shochar Scoir	6,580	(3,952)
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don Bhliain	**129**	**(5,621)**

Tá Nótaí 1–22 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 21 Aibreán 2020 agus sínítear iad thar ceann:

Kieran Calnan
An Cathaoirleach

4 Samhain 2020

Jim O'Toole
Príomhfheidhmeannach

4 Samhain 2020

Ráiteas maidir le Staid Airgeadais
Amhail ar 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 €'000	2018 €'000
Sócmhainní Seasta			
Maoin, Gléasra agus Trealamh	11	3,386	3,362
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	12	309	201
Fardal		38	30
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim		341	549
		688	780
Dliteanas Reatha			
Iníocthaigh (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)	13	(2,574)	(2,795)
Glansócmhainní/(Dliteanais) Reatha		(1,886)	(2,015)
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Phinsean		1,500	1,347
Oibleagáid Sochair Scoir	19(b)	(78,619)	(71,082)
Sócmhainn Iarchurtha Mhaoinithe Shochar Scoir	19(c)	78,619	71,082
Glansócmhainní Iomlána		**1,500**	**1,347**
In ionannas le			
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		(1,886)	(2,015)
Cúlchistí Caipitil	15	3,386	3,362
		1,500	**1,347**

Tá Nótaí 1–22 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 21 Aibreán 2020 agus sínítear iad thar ceann:

Kieran Calnan
An Cathaoirleach

4 Samhain 2020

Jim O'Toole
Príomhfheidhmeannach

4 Samhain 2020

Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

	2019 €'000	2018 €'000
Réiteach Fharasbarr/(Easnamh) Oibríochta i leith Sreabhadh Glan Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta/Forbartha		
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain	129	(5,621)
Ús Bainc	-	-
Muirear Dímheasa	1,192	1,595
Aistriú ón gCuntas Caipitil	24	(222)
Ioncam ó Dhíol Sócmhainní Seasta	-	(25)
(Méadú)/Laghdú ar an bhFardal	(8)	(8)
Laghdú/(Méadú) ar Infháltais	(108)	88
Méadú/(Laghdú) ar Iníocthaigh	(221)	(1,532)
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha	**1,008**	**(5,725)**
Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid		
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha	1,008	(5,725)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		
Ús a Fuarthas	-	-
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Ghnóthú	(1,216)	(1,373)
Fáltas ó Dhíolachán Sócmhainní	-	25
Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí in Airgead Tirim	**(208)**	**(7,073)**
Airgead agus Coibhéis Airgid ag tús na Bliana	549	7,622
Airgead agus Coibhéis Airgid ag deireadh na Bliana	**341**	**549**

Tá Nótaí 1–22 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 21 Aibreán 2020 agus sínítear iad thar ceann:

Kieran Calnan
An Cathaoirleach

4 Samhain 2020

Jim O'Toole
Príomhfheidhmeannach

4 Samhain 2020

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na polasaithe cuntasaíochta suntasacha a ghlac an BIM leo leagtha amach thíos. Cuireadh iad sin i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe.

Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh BIM faoin Acht Iascaigh Mhara, 1952, agus tá a cheannoifig i nDún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath.

Is iad príomhchuspóirí BIM mar a leagtar amach iad san Acht Iascaigh Mhara, 1952, ná: an tionscal bia mara a fhorbairt ar tonn agus ar tír, chun a chur ar a chumas cur go hiomlán le geilleagar na réigiún cósta agus le geilleagar na tíre trí chéile. Is í BIM an Ghníomhaireacht Stáit í le freagracht phríomhúil as forbairt inbhuanaithe thionscal bia mara na hÉireann ar muir agus ar chladach agus as éagsúlú an gheilleagair chósta.

Is Eintiteas Sochair Phoiblí é BIM.

Ráiteas Comhlíonta

Rinneadh ráitis airgeadais BIM don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 a ullmhú de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a ndéantar iad a thomhas ag a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm atá faofa ag Aire na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Iascaigh Mhara, 1952. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le nithe a réiteach a mheastar gur nithe ábhartha iad i dtaca le ráitis airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara.

Ioncam

Deontais an Oireachtais

Sonraítear ioncam ar bhonn fabhraithe de ghnáth; an t-aon eisceacht ná Deontais an Oireachtais a shonraítear ar bhonn fáltas airgid, lena n-áirítear PFN Scéim an Uisceshaothraithe.

Aisíocaíochtaí ar na Deontais a Íocadh

Bíonn na deontais a íocadh in-aisíoctha in imthosca áirithe, mar shampla má dhéantar an chuideachta a fuair an deontas a leachtú/dhíscaoileadh, nó mura gcloítear le coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais áit ar dócha go bhfaighidh an BIM an t-airgead agus gur féidir an méid a mheas go beacht;mar sin, cuirtear san áireamh iad ar bhonn fabhraithe.

Ioncam Úis

Sonraítear ioncam úis ar bhonn fabhraithe ag úsáid an mhodha um ghlanráta úis.

Ioncam Eile

Sonraítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

Ioncam Iarchurtha

Cuimsíonn ioncam iarchurtha cistiú Eorpach agus cistiú Chruatain Bhradáin a iarcuireadh ag brath ar chaiteachas ar sheachadadh seirbhísí.

Scéimeanna Deontais

Déantar íocaíochtaí a dhéantar faoi na scéimeanna deontais éagsúla a oibríonn an Bord a chur san áireamh ar bhonn fabhraithe.

Déantar deontais atá iníoctha le BIM a aithint mar chaiteachas nuair a chomhlíonaigh an deontaí na coinníollacha atá leagtha amach sa chomhaontas deontais agus gur chuir sé isteach an doiciméadú cuí chun an comhlíonadh seo a dheimhniú.

Déantar ceangaltais a eascraíonn de bhun ceaduithe faoi na Scéimeanna éagsúla Deontais atá á bhfeidhmiú ag an mBord a léiriú i Nóta 16.

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Drochfhiacha

Déantar foráil d'fhiachais a mheastar go bhfuil amhras ann go mbaileofar iad agus i gcoinne aon chaillteanas a bhféadfadh teacht aníos de bharr ráthaíochtaí. Glantar drochfhiacha sa bhliain ina ndéantar deireadh a chur le comhaontú na hiasachta atá i gceist.

Fardal

Is éard atá san fhardal ná earraí atá le hathdhíol, agus sonraítear é sna ráitis airgeadais ag an gCostas nó an Glanluach Inréadaithe (GLI), cibé acu is ísle. Ríomhtar an costas ar bhonn an ceann is túisce isteach, is túisce amach agus cuirtear na costais cheannacháin go léir san áireamh ann. Is é an GLI ná an praghas díola (fíorphraghas nó praghas measta) lúide na costais riachtanacha chríochnúcháin go léir.

Infháltais

Sonraítear infháltais ag a luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiach amhrasach. Is foráil ar leith an fhoráil in aghaidh fiach amhrasach, agus déantar í a bhunú nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh BIM in ann na suimeanna ar fad atá dlite dó a bhailiú. Sonraítear na gluaiseachtaí go léir i soláthar in aghaidh fiach amhrasach sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Léasanna Oibriúcháin

Sonraítear an caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar saolré an léasa. Sonraítear an caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go dtagann méadú ar an gcíos atá nasctha le ráta ionchais an bhoilscithe. Sa chás sin, sonraítear na méaduithe nuair a thabhaítear iad. Sonraítear thar shaolré an léasa na dreasachtaí léasa a fhaightear.

Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas lúide dímheas carntha, agus iad mionchoigeartaithe do sholáthar in aghaidh bearnaithe, más ann dó. Déantar soláthar in aghaidh dímheasa ag rátaí measta ar an maoin, gléasra agus trealamh go léir, ach amháin talamh ruílse agus saothar ealaíne, chun an costas, lúide an luach iarmharach measta, atá ar gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

— Talamh agus Áitribh		
	a. Talamh	Nialas
	b. Áitribh: Stáisiúin Loingseoireachta – Bunaidh	2%
	Stáisiúin Loingseoireachta – Breise	10%
	Áitribh Eile	10%
— Gléasra agus Innealra		
	a. Trealamh Oiliúna	16.6%
	b. Gléasra agus Innealra	10%
	c. Fearas Teicniúil	20%
— Mótarfheithiclí		20%
— Gléasra agus Trealamh		
	a. Trealamh Iascaireachta	50%
	b. Soithí	10%
	c. Trealamh Oifige	20%
	d. Trealamh Ríomhaire	33.3%

Is ionann luach iarmharach agus an méid measta a bhféadfaí a fháil faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis na costais mheasta diúscairte a bhaint as, más rud é go mbeadh an tsócmhainn ag an aois agus sa riocht a mbeifeá ag súil leis ag deireadh a saolré úsáideach.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil go bhfuil luach sócmhainne bearnaithe, sonrófar caillteanas bearnaithe sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Cúlchistí Caipitil

Is éard atá sna Cúlchistí Caipitil ná an luach gan amúchadh atá ar na deontais chaipitil a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim

Is éard atá in airgead tirim ná airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh. Is ionann coibhéis airgid agus infheistíochtaí ardleachtaithe gearrthéarmacha ar féidir iad a aistriú go héasca isteach i suimeanna airgid nach bhfuil faoi réir rioscaí suntasacha athraithe luacha.

Airgeadraí Iasachta

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid in airgeadraí iasachta ag na rátaí malairte ar an dáta tuairiscithe. Aistrítear ioncam agus costais ag na rátaí malairte ar dhátaí na n-idirbheart atá i gceist.

Pléitear sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe le brabúis agus le caillteanais a eascraíonn as idirbhearta in airgeadraí iasachtacha agus as socraíocht na suimeanna infhaighte agus iníoctha.

Sochair na bhFostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Déantar sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire a aithint mar speansais sa bhliain, agus cuirtear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana san áireamh sa bhfigiúr do shuimeanna iníoctha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Roimhe seo, bhunaigh BIM a scéim sochair phinsin deimhnithe féin, a cistíodh go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-thuilltear ó airgead a chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil agus ó íocaíochtaí rannpháirteacha a baineadh ó thuarastail bhaill foirne agus tuarastail chomhaltaí. Oibríonn BIM Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") freisin, ar scéim sochair dheimhnithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Singile leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Achtaíodh an t-Acht um Pinsin Seirbhís Phoiblí (Scéim Singil agus Forálacha Eile) 2012 ar an 28 Iúil 2012 agus thug sé isteach Scéim Phinsin Seirbhís Poiblí Singil ("Scéim Singil") le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Is baill gach iontrálaí nua sa tSeirbhís Phoiblí, ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013, den Scéim Singil.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus sonraítear iad de réir ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne a choimeádann BIM. Déantar suim a fhreagraíonn don táille pinsin a aithint mar ioncam sa mhéad agus atá sé inaisghabhálta, agus gur féidir é a fhritháireamh in aghaidh deontais a fuarthas sa bhliain chun na híocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Léirítear na gnóthachain nó na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach agus sonraítear athrú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghabhála ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn na ráitis airgeadais luach cóir na sócmhainní agus dliteanas a eascraíonn as ceangaltais pinsin an Bhoird Iascaigh Mhara, mar aon le haon mhaoiniú gaolmhar, agus sonraítear iontu na costais a bhaineann le sochair pinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta inar gnóthaíodh ag na fostaithe iad. Déantar dliteanais maidir le scéim shochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

Soláthairtí

Sonraítear soláthairtí nuair atá ceangaltas reatha dlíthiúil nó inchiallaithe ar an mBord mar thoradh ar imeachtaí roimhe seo; is dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní de dhíth chun an ceangaltas a réiteach; agus gur féidir suim an cheangaltais a mheas go hiontaofa.

2. Breithiúnais agus Meastacháin An-Tábhachtacha Chuntasaíochta

Suimeanna Teagmhasacha

Ní shonraítear dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as imeachtaí roimhe seo (i) mura dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó mura féidir an tsuim a thomhas go hiontaofa amhail an dáta tuairiscithe, nó (ii) má dhéanfar iad a dheimhniú trí imeachtaí neamhchinnte a tharlóidh nó nach dtarlóidh sa todhchaí, nach bhfuil go hiomlán faoi rialú an Bhoird. Déantar dliteanais theagmhasacha a nochtadh sna ráitis airgeadais ach amháin más fánach an seans go dtarlóidh eis-sreabhadh.

Ní shonraítear sócmhainní teagmhasacha. Déantar sócmhainní teagmhasacha a nochtadh sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh de shochair gheilleagracha.

Le linn do na ráitis airgeadais seo a bheith á n-ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a chuireann isteach ar fhorfheidhmiú na mbeartas agus ar na suimeanna a thuairiscítear i leith sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus costas.

Déantar breithiúnais agus meastacháin a mheas go leanúnach agus bunaítear ar chleachtaí stairiúla agus ar thosca eile iad, lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí amach anseo a mheastar gur ionchais réasúnta iad sna himthosca. Déanann an Bord meastacháin agus toimhdí maidir leis an todhchaí. Is annamh go mbeidh na meastacháin chuntasaíochta, faoi mar a thuigfeá, a eascraíonn as, mar an gcéanna leis na fíorthorthaí gaolmhara. Pléitear thíos na meastacháin agus na toimhdí a bhfuil baol mór ann go dtiocfaidh athrú ó thaobh ábhair de, dá mbarr, ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile:

(a) Saolréanna a Bhunú Chun Críocha Dímheasa do Mhaoin, do Ghléasra agus do Threalamh

Is cuid mhór de na sócmhainní iomlána iad sócmhainní fadsaolacha, .i. maoin, gléasra agus trealamh den chuid is mó. Braitheann an muirear bliantúil dímheasa go príomha ar shaolréanna measta gach cineál sócmhainne agus ar mheastacháin luachanna iarmharacha. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar shaolréanna na sócmhainní agus athraíonn sé iad nuair is gá chun an smaointeoireacht reatha ar na saolréanna atá fágtha a léiriú i bhfianaise úsáid ionchasach geilleagrach agus riocht fisiceach na sócmhainní lena mbaineann. Is féidir le tionchar suntasach a bheith ag athruithe ar shaolréanna sócmhainní ar na muirir dhímheasa don tréimhse. Tá mionsonraí faoi shaolréanna úsáideacha curtha san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

(b) Soláthar in Aghaidh Fiach Amhrasach

Déanann an Bord meastachán maidir le luach in-aisghabhála na bhféichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile. Úsáideann an Bord meastacháin atá bunaithe ar chleachtadh stairiúil chun leibhéal na bhfiach a shocrú go mb'fhéidir nach mbaileofaí iad. Cuirtear san áireamh sna meastacháin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe agus an cleachtadh stairiúil. Déantar athbhreithniú leanúnach ar leibhéal riachtanach an tsoláthair.

(c) Sochar Scoir

Déanann an Bord na suimeanna atá ag dul dó ón Stát as an dliteanas iarchurtha neamhchistithe pinsin, a shonrú bunaithe ar roinnt imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí sin tacaíocht rathúil don scéim aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtadh a bhaineann le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an próiseas bliantúil um meastachán. Cé nach ann do chomhaontú foirmiúil, agus mar sin do ráthaíocht, i ndáil leis na suimeanna faoi leith seo leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, níl aon fhianaise ag an mBord nach mbainfidh an beartas maoinithe seo an tsuim seo amach de réir a chéile de réir an chleachtais reatha.

2. Breithiúnais agus Meastacháin An-Tábhachtacha Chuntasaíochta

(d) Oibleagáidí Sochar Scoir

Déantar nuashonrú go bliantúil ar na toimhdí atá mar bhunús ag na luachálacha achtúireacha dá ndéantar na suimeanna atá sonraithe sna ráitis airgeadais a leagadh amach (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochta um chostais cúram sláinte) bunaithe ar chúinsí geilleagracha reatha, agus má dhéantar aon athrú ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar scoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar thoimhdí:

(i) Athraíonn an ráta lascaine sa ráta fáltais ar bhannaí corparáideach d'ardchaighdeán.
(ii) Leibhéil chúitimh don todhchaí, coinníollach margaidh lucht saothair todhchaí.
(iii) Treochtaí costais cúram sláinte, úrrús ar an ráta costais cúram sláinte sna réigiúin ábhartha.

3. Deontais an Oireachtais: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

	2019 €'000	2018 €'000
Vóta 30 - Fo-cheannteideal D5		
Forbairt Reatha		
Pá	8,010	7,630
Aoisliúntas	2,335	2,245
Neamhphá	15,750	10,804
Iomlán Forbartha Reatha	26,095	20,679
Forbairt Chaipitil	12,100	10,455
	38,195	**31,134**

4. Deontais a Fuarthas:

Tionscadal	2019 €'000	2018 €'000
Tionscadal Acrunet an AE	-	-
Tionscadal Uisceshaothraithe Erasmus an AE	-	-
Tionscadal COLUMBUS BG 11	-	651
Interreg	294	243
	294	**894**

Deontais a caitheadh:

	2019 €'000				2018 €'000
Tionscadal	**Tuarastail**	**Neamhphá**	**Deontais**	**Iomlán**	**Iomlán**
Tionscadal Acrunet an AE	-	-	-	-	1
Tionscadal Uisceshaothraithe Erasmus an AE	-	-	-	-	1
Tionscadal COLUMBUS BG 11	-	-	-	-	782
Interreg	152	229	-	381	453
	152	**229**	**-**	**381**	**1,237**

Cuireadh fáltais uile an AE i bhfeidhm le linn na bliana agus bhain siad le caiteachas ar fhorbairt reatha tionscail. Is mar gheall ar difríochtaí ama i riaracháin éileamh maoiniú scéime an difríocht de €87,000 idir dheontais a fuarthas agus deontas a tugadh amach.

5. Bhí na Torthaí Oibriúcháin Soláthair Oighir mar seo a leanas:

	2019 €'000	2018 €'000
Láimhdeachas	516	572
Lúide: Pánna	(398)	(373)
Costais oibriúcháin	(370)	(560)
Costais riaracháin	(4)	(72)
Caiteachas Iomlán ar Ghléasraí Oighir*	**(772)**	**(1,005)**
(Easnamh)/Barrachas ar oibríochtaí	**(256)**	**(433)**

*Ní áirítear sa chaiteachas iomlán muirir dhímheasa ar shócmhainní seasta gléasraí oighir de €14,000 (2018: €14,000).

Nóta: Thosaigh BIM an ráithe deiridh de 2016 le hinfheistíocht chaipitiúil de €0.6m in Ionaid Oighir Bhaile Chaisleáin an Bhearraí agus an Dúin Mhór le faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Rinne Bord na Stiúrthóirí meastachán ar phlean/straitéis ghnó le haghaidh oibríúcháin ionad oighir don todhchaí. Rinneadh an cás gnó a chríochnú i bhFeabhra 2018 agus is moladh atá a mheas ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi láthair é.

6. Ioncam Eile

	2019 €'000	2018 €'000
Ioncam Riaracháin/Cíos Infhaighte	306	123
Ioncam Riaracháin/Tionscnamh Dobharshaothraithe	112	76
Ioncam ó Iascaigh	178	127
Ioncam ó Iascaigh - Comhairle na nUiscí Iarthuaidh	20	16
Ioncam ó Fhorbairt Gnó agus Nuálaíocht	-	64
Ioncam ó Oiliúint	348	149
Aisíocaíochtaí ar Dheontais Iascaigh Mhara	12	47
Fáltas Brabúis ó Dhíol Sócmhainní	5	25
	981	**627**

7. Caiteachas Forbartha Caipitil Tionscail

	2019 €'000	2018 €'000
Tionscadal		
Iascaigh Mhara	7,585	7,067
Dobharshaothrú	2,476	1,924
Forbairt Gnó agus Nuálaíocht	2,210	2,319
Scéim Bhreisithe Slándála – PFD-PLB*	-	(100)
	12,271	**11,210**

8. Caiteachas ar Fhorbairt Reatha Tionscail

(a) Forbairt

Tionscadal	2019 €'000 Tuarastail	Neamhphá	Deontais	Iomlán	2018 €'000 Iomlán
Iascaigh Mhara	1,380	2,448	1,438	5,266	4,138
Dobharshaothrú	1,965	2,114	550	4,629	4,984
Forbairt Gnó agus Nuálaíocht	1,164	2,317	338	3,819	5,030
Costais chabhrach teicniúla EMFF	571	124	-	695	887
Rannóg oiliúna	1,053	1,146	104	2,303	1,733
Faisnéis & Pleanáil	252	1,100	-	1,352	736
	6,385	**9,249**	**2,430**	**18,064**	**17,508**

(b) Riarachán

	2019 €'000	2018 €'000
Costais Tuarastail	1,665	1,481
Baill Foirne Riaracháin Taistil	77	93
Táillí agus Costais Taistil Bhaill an Bhoird	55	52
Cíos, Rátaí agus Deisiúchán	407	892
Guthán, Postas agus Páipéarachas	174	181
Próiseáil Sonraí	798	857
Cumhacht, Soilse agus Glantóireacht	185	82
Táillí Dlí, Gairmiúla agus Sainchomhairleoirí Táille	589	227
Iniúchta	27	27
Tuarascáil Bhliantúil	15	18
Árachas	74	62
Fógraíocht & Urraíocht	87	-
Costais Oiliúna agus Forbartha Foirne	272	312
Ilnithe, Costais Ghinearálta agus Suibscríbhinní Trádála	592	334
	5,017	**4,618**

Mar a nochtadh i Ráitis Bhliantúla Airgeadais 2018, rinneadh BIM socrú nochtadh saorálach gan spreagadh leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le CBL agus RCT ar luach €104,000 (ús ar luach €33,000 san áireamh). Tá an luach de €104,000 curtha san áireamh sa mhuirear le haghaidh Ilearraí, Costais Ghinearálta agus Suibscríbhinní Trádála thuas.

(c) Dímheas

Dímheas i Rith na Bliana	**1,192**	**1,595**
Iomlán	**24,273**	**23,721**

9. Costais Foirne

Gearrtar tuarastail foirne i gcaitheamh na bliana ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim Reathafaoi na ceannteidil seo a leanas. Gearrtar pá Oibreoirí na nGléasraí Oighir ar chostais reatha na nGléasraí Oighir (Féach Nóta 5).

(a) Tuarastail Foirne de réir Rannáin

	Líon Foirne amhail an 31 Nollaig 2019	2019 € '000	Líon Foirne amhail an 31 Nollaig 2018	2018 €'000
Tuarastail Forbartha Gnó & Nuála - Nóta 8(a)	18	1,206	17	1,122
Tuarastail maidir le Seirbhísí Oiliúna - Nóta 8 (a)	16	1,053	17	995
Tuarastail Forbartha Iascach – Nóta 8(a)	19	1,380	23	1,490
Tuarastail Forbartha Dobharshaothraithe – Nóta 8(a)	26	2,075	26	1,889
Seirbhísí Corparáideacha – Nóta 8(b)	35	2,236	36	2,212
Tuarastail Faisnéise agus Pleanála – Nóta 8(a)	5	252	9	239
Oibreoirí na nGléasraí Oighir – Nóta 5	9	398	9	373
	128	**8,600**	**137**	**8,320**

Áiríodh tuarastail de €571,000 a bhaineann le foireann ar coinníodh faoin Scéim Chabhrach Teicniúla (2018: €731,000), arna gcistiú ag cúnamh deontais CEMI, san aonad Seirbhísí Corparáideacha do 2019. Áiríodh tuarastail de €152,000 a bhaineann le foireann ar coinníodh faoi Scéimeanna Interreg i bhForbairt Dobharshaothraithe (€130,000) agus i bhForbairt agus Nuálaíocht Gnó (€22,000) do 2019. Áirítear ragobair de €21,000 (2018: €27,000) agus liúntais ar bord €4,000 (2018: €6,000) sa mhéid thuas.

(b) Pinsin a Íocadh sa Bhliain

Is iad is pinsinéirí iontu ná íocaíochtaí pinsin a dhéantar le baill foirne BIM atá ar scor (Féach Nóta 19)

		2019 €'000		2018 €'000
Pinsinéirí	124	2,090	116	2,116
Íocaíochtaí Cnapshuime		307		117
	124	**2,397**	**116**	**2,233**

Baineadh tobhach pinsin €317,000 ó bhaill foirne agus íocadh é leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tar éis rialú an AE in 2008 rinneadh ball seasta foirne de gach ball foirne ar conradh a bhí i dteideal conartha thréimhse éiginnte. Áirítear na baill foirne seo le líon na mball foirne atá údaraithe, mar a comhaontaíodh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

(c) Sochair na bhFostaithe - Briseadh Síos

Raon Iomlán na bhFostaithe			Líon na bhFostaithe	
Ó		**Go dtí**	**2019**	**2018**
€60,000	-	€69,999	35	39
€70,000	-	€79,999	6	5
€80,000	-	€89,999	11	12
€90,000	-	€99,999	1	1
€100,000	-	€109,999	1	1
€110,000	-	€119,999	2	2
€120,000	-	€129,999	-	1
€130,000	-	€139,999	1	-

9. Costais Foirne (ar lean)

(d) Luach Saothair Comhaltaí an Bhoird

	Táillí 2019 €'000	Taisteal Speansais 2019 €'000	Cruinnithe Freastalaithe 2019
Kieran Calnan	-	4	17
Lisa Vaughan	8	1	17
William Deasy	8	5	11
Raymond Harty	5	2	6
Damien McLoughlin	-	-	7
Seán O'Donoghue	8	5	17
Jim O'Toole (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	-	15	17
	29	**32**	

Pacáiste luacha saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin do 2019: bunphá bliantúil de €133,928 agus is ball é de scéim sochar sainithe BIM. Íocadh speansais de €15,000 leis an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin i 2019 chomh maith.

10. Tuarastal na Stiúrthóirí agus an POF

		Táillí 2019 €'000	Táillí 2018 €'000	Taisteal Speansais 2019 €'000	Taisteal Speansais 2018 €'000
Mr Kieran Calnan (Tréimhse 13 Meitheamh 2018 go 12 Meitheamh 2021	An Cathaoirleach	-	-	4	6
Ms Lisa Vaughan (Tréimhse 21 Meitheamh 2016 go 20 Meitheamh 2019)	Stiúrthóir	8	8	1	1
William Deasy (Tréimhse 26 Iúil 2017 go 26 Iúil 2020)	Stiúrthóir	8	8	5	5
Raymond Harty (Tréimhse 26 Iúil 2017 go 15 Lúnasa 2019)	Stiúrthóir	5	8	2	4
Damien McLoughlin (Tréimhse 26 Iúil 2017 go 26 Iúil 2020)	Stiúrthóir	-	-	-	-
Seán O'Donoghue (Tréimhse 26 Iúil 2017 go 26 Iúil 2020)	Stiúrthóir	8	8	5	4
		29	**32**	**17**	**20**

Bhí 11 gcruinniú iomlán ag an Bord in 2019. D'fhreastail gach Comhalta Boird ar chruinnithe eile thar ceann BIM. D'fhreastail trí Chomhalta Boird ar chruinnithe agus ócáidí eile thar ceann BIM chomh maith le cruinnithe an Bhoird agus Cruinnithe Iniúchóireachta.

	Bord Freastal 2019	Eile Cruinnithe 2019
Kieran Calnan	11	6
Lisa Vaughan	11	6
William Deasy	11	-
Raymond Harty	6	-
Damien McLoughlin	7	-
Seán O'Donoghue	11	6

10. Tuarastal na Stiúrthóirí agus an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin (ar lean)

	Tuarastal 2019 €'000	Tuarastal 2018 €'000
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Jim O'Toole)	134	126
	134	**126**

Is ball an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin reatha de scéim sochair sainithe BIM.

11. Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Iomlán €'000	Talamh agus Áitreamh €'000	Gléasra agus Innealra €'000	Sócmhainní atá á Thógáil Faoi Láthair €'000	Mótar Feithiclí €'000	Fearas agus Trealamh €'000
Costas						
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	29,086	6,580	5,038	581	366	16,521
Breiseanna	1,216	43	6	-	-	1,167
Aistriú*	-	-	-	(581)	-	581
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**30,302**	**6,623**	**5,044**	**-**	**366**	**18,269**
Dímheas						
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	25,724	5,462	4,204	-	290	15,768
Muirear don Bhliain	1,192	213	76	-	29	874
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**26,916**	**5,675**	**4,280**	**-**	**319**	**16,642**
Glanluach Leabhair						
Amhail an 31 Nollaig 2019	**3,386**	**948**	**764**	**-**	**47**	**1,626**
Amhail an 31 Nollaig 2018	**3,362**	**1,118**	**834**	**581**	**76**	**753**

*Críochnaíodh an tsócmhainn a bhí i mbun a tógála ar an 31 Nollaig 2018 in 2019 agus áirítear í i méideanna breise le Gléasra agus Trealamh.

12. Infháltais

	2019 €'000	2018 €'000
Infháltais Eile	140	178
Réamhíocaíochtaí	258	107
	398	285
Lúide: Soláthar le haghaidh Fiach Amhrasach	(89)	(84)
	309	**201**

13. Iníocthaigh (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)

	2019 €'000	2018 €'000
Ioncam Iarchurtha	55	55
Suimeanna iníoctha Trádála agus Fabhruithe	2,434	1,868
Fabhruithe Deontais	85	872
	2,574	**2,795**

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Gearrtar ús ar íocaíochtaí déanacha. Ní raibh aon ús dlite ag dáta deiridh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunaidh. Na suimeanna eile a chuirtear san áireamh i gcreidiúnaithe, nach bhfuil cumhdaithe ag nochtadh nótaí ar leith, is suimeanna neamhurraithe iad atá gan ús agus iníoctha ar éileamh.

14. Ceangaltais Léasa

Amhail an 31 Nollaig 2019 bhí na híocaíochtaí íosta todhchaíocha léasa seo a leanas ag BIM, faoi léasanna oibriúcháin nach féidir iad a chealú, do na tréimhsí seo a leanas:

	2019 €'000	2018 €'000
Iníoctha laistigh de bhliain amháin	17	17
Iníoctha laistigh de dhá bhliain suas le cúig bliana	67	67
Iníoctha tar éis cúig bliana	33	50
	117	**134**

Chuaigh an léas reatha ar Cheannoifig BIM i nDún Laoghaire in éag i Meán Fomhair 2016 agus tháinig plé le hOifig na nOibreacha Poiblí chun críche i 2018 le BIM ag glacadh le comhaontú áitíochta ó 1 Iúil 2018.

15. Cúlchistí Caipitil

	2019 €'000	2018 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	3,362	3,584
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachas: Maoiniú		
Bhreiseanna Sócmhainní	1,216	1,373
Amúchadh i gcomhréir le Dímheas Sócmhainní	(1,192)	(1,595)
Aistriú chuig an Ráiteas maidir leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	**24**	**(222)**
Iarmhe'id amhail an 31 Nollaig	**3,386**	**3,362**

16. Dliteanais agus Ceangaltais Theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais agus ceangaltais theagmhasacha ann amhail an 31 Nollaig 2019, a d'eascair as seo a leanas:

(a) Ag deireadh na bliana bhí iarratais ar dheontais ann nach raibh formheasta, agus nach bhfuarthas aon iarratas ina leith.

Ba iad na hiarmhéideanna maidir leis na háiseanna airgeadais seo a faomhadh ach nár úsáideadh ar an 31 Nollaig ná:

	2019 €'000	2018 €'000
Iascaigh	9,773	2,223

(b) Tá BIM rannpháirteach in dá chás dlí atá ar siúl faoi láthair. Ní dhéantar aon soláthar sna ráitis airgeadais ina leith.

17. Tionscnamh Dobharshaothraithe Trasteorann

Rinneadh an Tionscnamh Dhobharshaothraithe Trasteorann arna thacú ag an gClár Speisialta um Shíocháin agus Athmhuintearas a chorprú in 1998 mar Ghrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (EEIG) agus a chlárú san Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Tá sé faoi chomhúinéireacht BIM agus Bhia Mara Thuaisceart Éireann Teoranta (Northern Ireland Seafood Limited).

Comhdaítear ráiteas bliantúil leis an CRO (IG8) agus síníonn ballraíocht an GELE é, Bluett Conran a iniúchann na cuntais don Tionscnamh Uisceshaothraithe.

18. Ciste Cothromais Bheanntraí

Bhunaigh an Rialtas an ciste faoi leith seo le forbairt thionscal dobharshaothraithe réigiún Bheanntraí a chur chun cinn tar éis dhúnadh Chríochfort Ola Fhaoide. Sealbhaítear na scaireanna uile in ainm an Aire Airgeadais. Ní féidir luach na scaireanna seo a mheas go cruinn de bharr go mbraitheann sé ar fheidhmíocht na bhfiontar.

Sealbhaíodh na hInfheistíochtaí seo a Leanas amhail an 31 Nollaig 2019:	**2019 €'000**	**2018 €'000**
Kush Seafarms Teoranta	19	19
Fastnet Mussels Teoranta	19	19
	38	**38**

19. Costais Shochair Scoir

(a) Costais Scoir

Anailís ar na costais iomlána shochar scoir a gearradh ar an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

	2019 €'000	2018 €'000
Costas Seirbhíse Reatha	2,031	2,189
Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin	1,453	1,472
Ranníocaíochtaí Fostaí	(391)	(336)
	3,093	**3,325**

19. Costais Shochair Scoir (ar lean)

(b) Gluaisteacht i nGlan-Oibleagáidí Shochar Scoir

	2019 €'000	2018 €'000
Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir	71,082	73,606
Costas Seirbhíse Reatha	1,640	1,853
Rannchuidithe Fostaithe	391	336
Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin	1,453	1,472
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach	6,580	(3,952)
Pinsin a Íocadh sa Bhliain	(2,397)	(2,233)
Íocaíocht i leith aistriú seirbhíse go tríú páirtí*	(130)	-
	78,619	**71,082**

*In 2019 d'aistrigh BIM €130,000 go scéim eile pinsin maidir le seirbhís iarbhall foirne de chuid BIM. Baineann an t-aistriú sin aon dliteanas amach anseo de BIM maidir le pinsean an duine sin.

Toimhdí Airgeadais

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:	2019	2018
Ráta Méadaithe i dTuarastail	2.90%	3.15%
Ráta Méadaithe i bPinsin atá á Íoc	2.40%	2.65%
Ráta Lascaine	1.25%	2.05%
Ráta Boilscithe	1.40%	1.65%

Ligeann bonn na básmhaireachta a nglactar leis d'fheabhsúcháin ar ionchas saoil le himeacht aimsire. Mar sin de, braithfidh ionchas saoil tráth scoir ar an mbliain a bhaineann ball aois scoir amach (65 bliain d'aois). Taispeántar sa tábla thíos an meánionchas saoil ualaithe a úsáidtear chun oibleagáidí sochair na mball a leagadh amach.

Bliain a Baineadh Aois 65 Bliain Amach	**2019**	**2039**
Ionchas Saoil – fir	21.70	24.00
Ionchas Saoil – mná	24.10	26.10

(c) Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Breathnaíonn an Bord ar na méideanna seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha gan mhaoiniú le haghaidh pinsean de réir na sraithe toimhdí a mhínítear thíos agus roinnt imeachtaí a tharla san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach ann do chomhaontú foirmiúil i ndáil leis na suimeanna faoi leith seo leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, níl aon fhianaise ag an mBord nach mbainfidh an beartas maoinithe seo na suimeanna seo amach mar is dual dó de réir an chleachtais reatha.

Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean in

	2019 €'000	2018 €'000
Maoiniú In-Aisghabhála maidir le Costais Phinsin na Bliana Reatha	3,484	3,661
Deontas Stáit Caite le Pinsinéirí a Íoc agus aistrithe seirbhíse	(2,527)	(2,233)
	957	**1,428**

19. Costais Shochair Scoir (ar lean)

(d) Stair na nDlitinis Scéime agus na nGnóthachan/(Caillteanais) Taithí

	An Bhliain Airgeadais dar Chríoch in				
	2019 €'000	2018 €'000	2017 €'000	2016 €'000	2015 €'000
Oibleagáidí Sainithe Sochair	78,619	71,082	73,606	74,179	65,873
Gnóthachain ó Thaithí ar Dhliteanais Phlean	(980)	(1,317)	(768)	(1,950)	(2,048)
Gnóthachain ó Thaithí mar Chéatadán de Dhliteanais Phlean	1.2%	1.9%	1.0%	2.6%	3.1%

(e) Scéim Pinsin

Feidhmíonn BIM scéim aoisliúntais sochair sainithe don fhoireann. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a eascraíonn ó na scéimeanna as ioncam reatha agus gearrtar ar an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe iad, de réir glan-ranníocaíochtaí aoisliúntais na bhfostaithe, sa bhliain a bhíonn siad le híoc. Leagtar amach na torthaí thíos ar luacháil achtúireach de dhliteanais pinsin maidir le foireann BIM atá ag obair, atá scoite nó básaithe ar an 31 Nollaig 2019. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil seo.

(f) Scéim Aonair

Is í an Scéim Aonair an scéim pinsin gairme d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh ó 2013 i leith. Is scéim sochar sainithe atá ann, le sochair scoir bunaithe ar meánphá gairmréime. Gnóthaíonn an scéim sochair pinsin agus sochair chnapshuime scoir do gach ball den scéim. Fabhraíonn na sochair airgid seo, ar a nglaoitear "suimeanna inghairthe", mar chéatadáin de phá ar bhonn leanúnach. Déantar na suimeanna inghairthe fabhraithe gach bliain a luacháil go bliantúil go dtí scor ag teacht le méaduithe boilscithe (Praghasinnéacs Tomhaltóirí). Is ionann an pinsean bliantúil a bhronntar ar scor agus iomlán carnach suimeanna inghairthe pinsean bhall den scéim agus, ar an gcuma chéanna, is ionann an cnapshuim a bhronntar agus iomlán suimeanna inghairthe chnapshuime bhall den scéim.

20. Leasanna Bhaill an Bhoird

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le nochtadh chomhaltaí an bhoird faoi leasanna agus comhlíonadh na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Nochtaigh comhaltaí boird leasanna aon uair déag in 2019.

21. Nochtadh Páirtí Baintigh

Is ionann na príomhphearsanra bainistíochta i BIM agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Bord na Stiúrthóirí. B'ionann iomlán an chúitimh a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, agus €184,000 (2018: €158,000).

Chun briseadh síos a fháil ar luach saothair agus sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, déan tagairt le do thoil le Nóta 9(d).

Glacann BIM nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn leasanna pearsanta chomhaltaí an bhoird. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh BIM deontais a fhormheas nó dul isteach i socruithe conarthacha le heintitis ina bhfuil comhaltaí boird an BIM fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu.

22. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 21 Aibreán 2020 agus sínítear iad thar ceann.

Cúnamh Deontais De Minimis

Sábháilteacht Cabhlaigh

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais
An Clár	1	€4,870
Corcaigh	51	€170,326
Dún na nGall	26	€46,347
Baile Átha Cliath	6	€25,014
Gaillimh	27	€56,320
Ciarraí	33	€59,884
Lú	8	€36,494
Mí	1	€4,844
Maigh Eo	13	€18,829
Sligeach	3	€1,339
Port Láirge	9	€11,423
Loch Garman	16	€44,303
Cill Mhantáin	2	€8,166
IOMLÁN	**196**	**€488,159**

Turasóireacht Mhuirí

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais
An Clár	1	€1,417
Corcaigh	8	€7,515
Dún na nGall	2	€589
Baile Átha Cliath	1	€400
Gaillimh	2	€3,765
Ciarraí	4	€3,729
Maigh Eo	1	€842
Sligeach	3	€6,683
Loch Garman	2	€1,213
Cill Mhantáin	1	€444
IOMLÁN	**25**	**€26,597**

Cúnamh Deontais arna thacú ag an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) agus an Státchiste

Scéim na nIascairí Nua

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	1	€75,000	€37,500	€37,500
Dún na nGall	2	€116,182	€58,091	€58,091
Gaillimh	1	€42,500	€21,250	€21,250
Ciarraí	1	€28,750	€14,375	€14,375
Lú	1	€60,000	€30,000	€30,000
Maigh Eo	1	€64,350	€32,175	€32,175
Port Láirge	2	€105,000	€52,500	€52,500
Loch Garman	2	€70,750	€35,375	€35,375
IOMLÁN	**11**	**€562,532**	**€281,266**	**€281,266**

Scéim Iascach Inbhuanaithe Cuid B (Flít)

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	49	€1,392,331	€696,166	€696,166
Dún na nGall	17	€604,529	€302,265	€302,265
Baile Átha Cliath	5	€131,603	€65,802	€65,802
Gaillimh	7	€99,218	€49,609	€49,609
Ciarraí	11	€199,581	€99,791	€99,791
Lú	12	€246,144	€123,072	€123,072
Maigh Eo	12	€86,423	€43,212	€43,212
Mí	1	€32,590	€16,295	€16,295
Port Láirge	1	€41,176	€20,588	€20,588
Loch Garman	7	€104,048	€52,024	€52,024
IOMLÁN	**122**	**€2,937,643**	**€1,468,822**	**€1,468,822**

Scéim Iascach Inbhuanaithe Cuid C (Cáilíocht)

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais	Státchiste	CEMID
Dún na nGall	1	€1,076,427	€538,214	€538,214
Gaillimh	1	€64,307	€32,153	€32,153
Lú	1	€27,596	€13,798	€13,798
IOMLÁN	**3**	**€1,168,330**	**€584,165**	**€584,165**

Cúnamh Deontais a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) agus ón Státchiste (ar lean)

Eangúchán 'V' in Iascaigh Chladaigh

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais	Státchiste	CEMID
An Clár	1	€7,081	€3,541	€3,541
Corcaigh	13	€45,088	€22,544	€22,544
Dún na nGall	2	€10,735	€5,367	€5,367
Baile Átha Cliath	7	€25,054	€12,527	€12,527
Gaillimh	8	€43,118	€21,559	€21,559
Ciarraí	5	€20,869	€10,435	€10,435
Lú	2	€7,644	€3,822	€3,822
Maigh Eo	8	€21,134	€10,567	€10,567
Sligeach	5	€27,811	€13,906	€13,906
Port Láirge	6	€10,108	€5,054	€5,054
Loch Garman	1	€12,244	€6,122	€6,122
Cill Mhantáin	3	€4,055	€2,027	€2,027
IOMLÁN	**61**	**€234,941**	**€117,470**	**€117,470**

Scéim Chaomhnaithe Iascaigh Intíre

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais	Státchiste	CEMID
An Clár	2	€12,796	€6,398	€6,398
Corcaigh	2	€8,673	€4,337	€4,337
Gaillimh	1	€3,554	€1,777	€1,777
IOMLÁN	**5**	**€25,024**	**€12,512**	**€12,512**

Scéim Eagraíochta Táirgeoirí

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	1	€90,643	€45,322	€45,322
Dún na nGall	2	€188,719	€94,359	€94,359
Gaillimh	1	€56,596	€28,298	€28,298
Port Láirge	1	€46,442	€23,221	€23,221
IOMLÁN	**5**	**€382,400**	**€191,200**	**€191,200**

FLAG

Réigiún	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais	Státchiste	CEMID
Tuaisceart	49	€484,631	€242,315	€242,315
Oirthuaisceart	27	€523,592	€261,796	€261,796
Iarthuaisceart	30	€223,938	€111,969	€111,969
Deisceart	30	€447,095	€223,547	€223,547
Iardheisceart	13	€127,581	€63,791	€63,791
Oirdheisceart	40	€512,662	€256,331	€256,331
Iarthar	40	€392,050	€196,025	€196,025
IOMLÁN	**229**	**€2,711,548**	**€1,355,774**	**€1,355,774**

Cláir Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta AE na hÉireann 2014 - 2020
Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

AONTAS EORPACH
Tá an beart seo maoinithe i bpáirt ag an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh

An Scéim um Thairseach Eolais

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	3	€305,754	€152,877	€152,877
Dún na nGall	1	€24,229	€12,114	€12,114
Gaillimh	4	€415,773	€207,887	€207,887
Ciarraí	1	€46,508	€23,254	€23,254
Uíbh Fhailí	1	€56,594	€28,297	€28,297
Sligeach	1	€9,000	€4,500	€4,500
IOMLÁN	**11**	**€857,858**	**€428,929**	**€428,929**

Scéim Dhobharshaothraithe Inbhuanaitheach

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	6	€426,253	€213,126	€213,126
Dún na nGall	13	€964,141	€482,070	€482,070
Gaillimh	1	€18,040	€9,020	€9,020
Ciarraí	3	€111,238	€55,619	€55,619
Maigh Eo	4	€129,666	€64,833	€64,833
Sligeach	1	€51,513	€25,756	€25,756
Port Láirge	2	€373,681	€186,841	€186,841
Loch Garman	1	€107,853	€53,926	€53,926
IOMLÁN	**31**	**€2,182,384**	**€1,091,192**	**€1,091,192**

Scéim Nuálaíochta Bia Mara agus Pleanála Gnó

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	6	€82,731	€41,366	€41,366
Gaillimh	1	€1,615	€808	€808
Cill Chainnigh	1	€15,841	€7,921	€7,921
Loch Garman	1	€10,826	€5,413	€5,413
IOMLÁN	**9**	**€111,013**	**€55,507**	**€55,507**

Scéim Scálaithe Bhia Mara

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais	Státchiste	CEMID
Loch Garman	1	€78,417	€39,209	€39,209
Maigh Eo	1	€77,209	€38,605	€38,605
IOMLÁN	**2**	**€155,626**	**€77,813**	**€77,813**

Cúnamh Deontais a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) agus ón Státchiste (ar lean)

Scéim Infheistíochta Caipitil Bia Mara

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	4	€1,104,591	€552,296	€552,296
Dún na nGall	6	€951,637	€475,818	€475,818
Baile Átha Cliath	3	€360,532	€180,266	€180,266
Gaillimh	1	€3,594	€1,797	€1,797
Cill Chainnigh	3	€21,938	€10,969	€10,969
Lú	2	€21,631	€10,815	€10,815
Loch Garman	2	€41,502	€20,751	€20,751
IOMLÁN	**21**	**€2,505,424**	**€1,252,712**	**€1,252,712**

Scéim Oiliúna do Bhia Mara

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	13	€23,434	€11,717	€11,717
Dún na nGall	24	€27,673	€13,836	€13,836
Baile Átha Cliath	2	€801	€401	€401
Gaillimh	6	€16,145	€8,073	€8,073
Ciarraí	3	€4,064	€2,032	€2,032
Lú	2	€5,773	€2,887	€2,887
Maigh Eo	4	€6,854	€3,427	€3,427
Sligeach	3	€6,642	€3,321	€3,321
Loch Garman	8	€12,618	€6,309	€6,309
IOMLÁN	**65**	**€104,005**	**€52,002**	**€52,002**

Scéim Forbartha Acmhainní Bia Mara

Contae	Líon na nDeontas	Cúnamh Deontais	Státchiste	CEMID
Corcaigh	2	€401,818	€200,909	€200,909
Dún na nGall	4	€4,945	€2,473	€2,473
Gaillimh	1	€250,000	€125,000	€125,000
Loch Garman	1	€3,534	€1,767	€1,767
IOMLÁN	**8**	**€660,297**	**€330,149**	**€330,149**

Cláir Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta AE na hÉireann 2014 - 2020
Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

AONTAS EORPACH
Tá an beart seo maoinithe i bpáirt ag an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh

FSC
www.fsc.org
MIX
Paper from responsible sources
FSC® C105984

Arna chur i gcló ar pháipéar a fuarthas ó fhoraoiseacha a bhainistítear ar bhonn inbhuanaithe

Bord Iascaigh Mhara
An Cheannoifig
Bóthar Crofton,
Dún Laoghaire,
Co. Átha Cliath
A96 E5A0

Bord Iascaigh Mhara
An Cheannoifig
Bóthar Crofton,
Dun Laoghaire,
Co. Átha Cliath
A96 E5A0

T +353 1 214 4100 | **E** info@bim.ie | **www.bim.ie**